Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2021/0428(COD)

8.11.2022

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha
(COM(2021)0891 – C9-0473/2021 – 2021/0428(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Sylvie Guillaume

Siombailí le haghaidh nósanna imeachta

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 73

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha
(COM(2021)0891 – C9-0473/2021 – 2021/0428(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0891),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2), pointí (b) agus (e) agus d'Airteagal 79(2), pointe (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0473/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Lua 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (e) ***agus Airteagal 79(2)(c)*** de,	Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (e) de,

Or. en

Réasúnú

Meastar nach bhfuil gá leis an mbunús dlí breise, go háirithe i bhfianaise fhorálacha áirithe den togra ón gCoimisiún a scriosadh.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Le Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 (“Cód Teorainneacha Schengen”)[42] leagtar síos rialacha lena rialaítear ***gluaiseacht*** daoine ***chuig an limistéar agus amach as an limistéar gan rialuithe ag*** teorainneacha ***inmheánacha (“Limistéar Schengen”) agus idir*** na Ballstáit ***chomh maith a ghlacann páirt i Limistéar Schengen***.	(2) Le Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 (“Cód Teorainneacha Schengen”)[42] ***foráiltear nach ndéanfar rialú teorann ar dhaoine ag trasnú teorainneacha inmheánacha Bhallstáit an Aontais agus*** leagtar síos rialacha lena rialaítear ***rialú teorann*** ar dhaoine atá ***ag trasnú teorainneacha seachtracha*** Bhallstáit ***an Aontais***.
[42] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.	[42] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

Or. en

Réasúnú

Ailíniú le hAirteagal 1 de Rialachán 2016/399.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Le blianta beaga anuas, tá dúshláin ***nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe***	(3) Le blianta beaga anuas, ***chuaigh a lán Ballstát i muinín rialú ag***

seo i limistéar Schengen, dúshláin nach raibh teoranta, de bharr a nádúir, do chríoch aon Bhallstáit aonair. ***Leis na dúshláin sin, cuireadh i bhfios go láidir gur*** freagracht chomhroinnte é an t-ord poiblí agus an tslándáil phoiblí a chaomhnú i limistéar Schengen, lena n-éilítear gníomhaíocht chomhleanúnach chomhordaithe idir na Ballstáit agus ***ar leibhéal an Aontais. Leagadar*** béim ***freisin*** ar ***bhearnaí sna*** rialacha atá ann cheana lena rialaítear feidhmiú limistéar Schengen ag teorainneacha seachtracha agus inmheánacha araon agus an gá atá le creat níos tréine agus ***níos láidre a chruthú lena bhféadfar*** freagairt ***níos*** éifeachtaí a thabhairt ar na dúshláin atá ***os comhair limistéar Schengen.***	***teorainneacha inmheánacha chun aghaidh a thabhairt*** ar dhúshláin, dúshláin nach raibh teoranta do chríoch aon Bhallstáit amháin, de bharr a nádúir. ***I limistéar saoirse, slándála agus ceartais,*** is freagracht chomhroinnte é an t-ord poiblí agus an tslándáil a chaomhnú i limistéar Schengen lena n-éilítear gníomhaíocht chomhleanúnach chomhordaithe ***ar leibhéal an Aontais agus*** idir na Ballstáit ***ar an mbonn go bhfanann an limistéar saoirse, slándála agus ceartais sin saor ó rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Leis na dúshláin atá roimh na Ballstáit, agus ós rud é go ndeachaigh na Ballstáit i muinín rialú ag teorainneacha inmheánacha go tapa chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin,*** leagadh béim ar ***dheacrachtaí leis*** na rialacha atá ann cheana lena rialaítear feidhmiú limistéar Schengen ***agus forfheidhmiú na rialacha sin,*** ag teorainneacha seachtracha agus inmheánacha araon agus an gá atá le creat ***níos soiléire*** agus níos láidre ***chun a áirithiú nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus teorainneacha inmheánacha á dtrasnú acu agus, ag an am céanna, a chur ar chumas na mBallstát*** freagairt éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin ***atá rompu.***

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach an úsáid mhéadaithe a bhaintear as rialú ag teorainneacha inmheánacha a shainaithint mar fhreagairt pholaitiúil ar fhadhbanna atá fréamhaithe go domhain go minic agus a bhfuil nasc níos dlúithe acu le réimsí beartais éagsúla ná Schengen. Sainítear beartas an Aontais sa réimse seo i ndlí príomha an Aontais agus ba cheart an beartas sin a léiriú i dtéacs an Togra.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ní hamháin go dtéann rialú teorann ag na teorainneacha seachtracha chun leasa an Bhallstáit a gcuirtear i gcrích ag a theorainneacha seachtracha é, ach téann sé chun leasa na mBallstát uile a chuir deireadh le rialú ag teorainneacha inmheánacha, agus chun leasa ***an Aontais ina iomláine***. Ceanglaítear ar na Ballstáit ardchaighdeáin a áirithiú maidir lena dteorainneacha seachtracha a bhainistiú, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe idir gardaí teorann, póilíní, údaráis chustaim agus údaráis ábhartha eile. Cuireann an tAontas tacaíocht ghníomhach ar fáil trí thacaíocht mhaoiniúcháin a sholáthar ó na Gníomhaireachtaí, ón ***nGarda Teorann agus Cósta Eorpach go háirithe*** agus trí Shásra Meastóireachta Schengen a bhainistiú. Ní mór na rialacha is infheidhme maidir le teorainneacha seachtracha ***a threisiú*** chun freagairt níos fearr a thabhairt ar dhúshláin nua atá tagtha chun cinn le déanaí ag na teorainneacha seachtracha.	(4) Ní hamháin go dtéann rialú teorann ag teorainneacha seachtracha chun leasa an Bhallstáit a gcuirtear i gcrích ag a theorainneacha seachtracha é, ach téann sé chun leasa ***an Aontais ina iomláine agus na*** mBallstát uile, ***go háirithe*** na Ballstáit ***sin*** a chuir deireadh le rialú ag teorainneacha inmheánacha. Ceanglaítear ar na Ballstáit ardchaighdeáin a áirithiú maidir lena dteorainneacha seachtracha a bhainistiú, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe idir gardaí teorann, póilíní, údaráis chustaim agus údaráis ábhartha eile. Cuireann an tAontas tacaíocht ghníomhach ar fáil trí thacaíocht mhaoiniúcháin a sholáthar ó na Gníomhaireachta agus trí Shásra Meastóireachta Schengen a bhainistiú. Ní mór na rialacha is infheidhme maidir le teorainneacha seachtracha ***a leasú agus a chomhchuibhiú*** chun freagairt níos fearr a thabhairt ar dhúshláin nua atá tagtha chun cinn le déanaí ag na teorainneacha seachtracha.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ***Treisíodh, le paindéim COVID-19, an gá atá ann go mbeadh an tAontas níos ullmhaithe chun freagairt ar ghéarchéimeanna ag na teorainneacha seachtracha a bhaineann le cásanna galar a mbaineann riosca eipidéime leo agus atá ina mbagairt ar an tsláinte phoiblí.*** Tá sé léirithe ag paindéim COVID-19 gur féidir le bagairtí ar an tsláinte phoiblí rialacha aonfhoirmeacha a	(5) Tá sé léirithe ag paindéim COVID-19 gur féidir le bagairtí ar an tsláinte phoiblí rialacha aonfhoirmeacha a éileamh maidir le srianta taistil ar náisiúnaigh tríú tír taisteal isteach san Aontas Eorpach. Trí bhearta neamhréireacha agus éagsúla a ghlacadh ag na teorainneacha seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí den sórt sin, déantar dochar d'fheidhmiú limistéar Schengen ina iomláine,

éileamh maidir le srianta taistil ar náisiúnaigh tríú tír taisteal isteach san Aontas Eorpach. Trí bhearta neamhréireacha agus éagsúla a ghlacadh ag na teorainneacha seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí den sórt sin, déantar dochar d'fheidhmiú limistéar Schengen ina iomláine, laghdaítear intuarthacht do thaistealaithe tríú tíortha agus teagmhálacha duine le duine le tríú tíortha. Chun limistéar Schengen a ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo ar scála inchomparáide a bhaineann le bagairtí ar an tsláinte phoiblí, is gá sásra nua a bhunú lena bhféadfaí bearta comhordaithe a ghlacadh agus a bhaint go tráthúil ar leibhéal an Aontais. Ba cheart an nós imeachta nua ag an teorainn sheachtrach a chur i bhfeidhm ***i gcás galar tógálach a mbaineann riosca eipidéime leis, arna shainaithint ag*** an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ***nó ag an gCoimisiún.*** Ba cheart go gcomhlánódh an sásra sin na nósanna imeachta a bheartaítear a bhunú sa Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte[43], go háirithe i gcás éigeandáil sláinte poiblí a aithint, agus sainordú athbhreithnithe an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú.[44]

laghdaítear intuarthacht do thaistealaithe tríú tíortha agus teagmhálacha duine le duine le tríú tíortha. Chun limistéar Schengen a ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo ar ***scála*** atá inchomparáide ***le paindéim COVID-19***, ba cheart sásra nua ***a bhunú lena bhféadfaí*** bearta comhordaithe a ghlacadh agus deireadh a chur leo go tráthúil ar leibhéal an Aontais. Ba cheart an nós imeachta nua ag an teorainn sheachtrach a chur i bhfeidhm ***i gcás inar shainaithin*** an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ***galar tógálach a mbaineann riosca eipidéime leis.*** Ba cheart go gcomhlánódh an sásra sin na nósanna imeachta a bheartaítear a bhunú sa Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte[43], go háirithe i gcás éigeandáil sláinte poiblí a aithint, agus sainordú athbhreithnithe an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú.[44]

---

[43] COM(2020)727.

[44] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, COM(2020)726.

[43] COM(2020)727.

[44] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, COM(2020)726.

Or. en

Réasúnú

Ní léir cén fáth ar cheart don Choimisiún a bheith i dteideal galar tógálach a shainaithint a mbaineann riosca eipidéime leo. Is léir gur cúram é seo don Lárionad Eorpach um Ghalair

a Chosc agus a Rialú.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart foráil a dhéanamh leis an sásra go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, rialachán lena leagtar amach srianta ar thaisteal, lena n-áirítear srianta ar dhul isteach agus aon bhearta eile is gá maidir le taisteal isteach san Aontas Eorpach, agus na coinníollacha a bhaineann le deireadh a chur leo. I bhfianaise íogaireacht pholaitiúil na mbeart sin a bhaineann leis an gceart chun dul isteach i gcríoch na mBallstát, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun rialachán den sórt sin a ghlacadh, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún.	(6) Ba cheart foráil a dhéanamh leis an sásra sin ***ar leibhéal an Aontais*** go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, ***agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa,*** rialachán lena leagtar amach srianta ar thaisteal, lena n-áirítear srianta ar dhul isteach agus aon bhearta eile is gá maidir le taisteal san Aontas Eorpach, agus na coinníollacha a bhaineann le deireadh a chur ***leis na srianta agus na bearta eile sin.*** I bhfianaise íogaireacht pholaitiúil na mbeart sin a bhaineann leis an gceart chun dul isteach i gcríoch na mBallstát, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun rialachán den sórt sin a ghlacadh, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, ***agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.***

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go mbeadh ról ag an bParlaimint i nglacadh na Rialachán sin lena rialaítear teacht isteach i limistéar Schengen.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Rud atá tábhachtach, i gcomhréir leis na hoibleagáidí is infheidhme faoi dhlí	(7) Rud atá tábhachtach, i gcomhréir leis na hoibleagáidí is infheidhme faoi dhlí

an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta, saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil, faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile, a bhfuil cearta saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le cearta shaoránaigh an Aontais, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach, ba cheart cead a bheith acu i gcónaí teacht isteach san Aontas. Ba cheart a cheadú i gcónaí do chónaitheoirí san Aontas filleadh ar an Aontas. Ba cheart na heilimintí uile is gá a bheith sa ghníomh chun a áirithiú go mbeidh na srianta ar thaisteal éifeachtach, spriocdhírithe, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach leis an staid eipidéimeolaíoch atá ag athrú. Ba cheart a shonrú ann, i gcás inarb ábhartha, aon chatagóirí taistealaithe ar cheart a dtaisteal a dhíolmhú ó shrianta ar dhul isteach. Ina theannta sin, nó de rogha air sin, ba cheart a shonrú sa ghníomh aon limistéir gheografacha nó tríú tíortha óna bhféadfadh taisteal a bheith faoi réir bearta sonracha, bunaithe ar mhodheolaíocht oibiachtúil agus ar chritéir is infheidhme maidir leis sin, ar cheart, ***go n-áireofaí go háirithe***, an staid eipidéimeolaíoch. D'fhéadfaí a shonrú sa ghníomh na coinníollacha faoina bhféadfar taisteal a cheadú amhail tástáil, coraintín, féinleithlisiú nó aon bhearta iomchuí eile, amhail an gá foirm aimsithe paisinéirí nó uirlis rianaithe teagmhálaithe eile a líonadh isteach agus ag féachaint, go háirithe, d'aon chórais de chuid an Aontais a forbraíodh chun taisteal a éascú faoi dhálaí sábháilte, amhail córais deimhniúcháin dhigitigh. ***I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh an ionstraim sásra a bhunú freisin lena bhféadfaí bearta breise a dhéanamh i gcás ina rachadh an staid eipidéimeolaíoch in olcas go mór i limistéar geografach amháin nó níos mó.***

an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta, saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil, faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile, a bhfuil cearta saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le cearta shaoránaigh an Aontais, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach, ba cheart cead a bheith acu i gcónaí teacht isteach san Aontas. ***Ar an gcaoi chéanna, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, ní chuirfear toirmeasc ar dhaoine atá ag lorg tearmainn teacht isteach*** san Aontas. Ba cheart a cheadú i gcónaí do chónaitheoirí san Aontas filleadh ar an Aontas. Ba cheart na heilimintí uile is gá a bheith sa ghníomh chun a áirithiú go mbeidh na srianta ar thaisteal éifeachtach, spriocdhírithe, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach leis an staid eipidéimeolaíoch atá ag athrú. Ba cheart a shonrú ann, i gcás inarb ábhartha, aon chatagóirí taistealaithe ar cheart a dtaisteal a dhíolmhú ó shrianta ar dhul isteach. Ina theannta sin, nó de rogha air sin, ba cheart a shonrú sa ghníomh aon limistéir gheografacha nó tríú tíortha óna bhféadfadh taisteal a bheith faoi réir bearta sonracha, bunaithe ar mhodheolaíocht oibiachtúil agus ar chritéir is infheidhme maidir leis sin, arna ***ndíorthú ón*** staid eipidéimeolaíoch. D'fhéadfaí a shonrú sa ghníomh na coinníollacha faoina bhféadfar taisteal a cheadú amhail tástáil, coraintín, féinleithlisiú nó aon bhearta iomchuí eile, amhail an gá foirm aimsithe paisinéirí nó uirlis rianaithe teagmhálaithe eile a líonadh isteach agus ag féachaint, go háirithe, d'aon chórais de chuid an Aontais a forbraíodh chun taisteal a éascú faoi dhálaí sábháilte, amhail córais deimhniúcháin dhigitigh.

Or. en

Réasúnú

Ní mór don staid eipidéimeolaíoch an bunús a sholáthar do chritéir a bhfuil feidhm acu maidir le srian a chur ar thaisteal agus bearta sriantacha a thabhairt isteach ina leith sin. Bheadh gá leis an Rialachán ón gComhairle a athbhreithniú dá rachadh an staid eipidéimeolaíoch in olcas a mhéid is go raibh gá le bearta nach bhforáiltear dóibh sa chéad Rialachán. Bheifí ag súil go gcuirfeadh an chéad Rialachán raon feidhme leordhóthanach ar fáil chun go mbeadh bearta comhréireach leis an mbagairt ar an tsláinte phoiblí.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Is gá freisin na rialacha agus na coimircí i ndlí an Aontais a threisiú ionas gur féidir leis na Ballstát gníomhú go tapa chun cur i gcoinne cásanna ina ndéantar ionstraimiú ar imircigh. Ba cheart ionstraimiú den sórt sin a thuiscint mar thagairt do chás ina dtionscnaíonn tríú tír sreabha imirce neamhrialta chuig an Aontas trí theacht isteach náisiúnach tríú tír chuig teorainneacha seachtracha na mBallstát a spreagadh nó a éascú go gníomhach, i gcás ina léirítear leis na gníomhaíochtaí sin go bhfuil sé ar intinn an tAontas ina iomláine nó Ballstát a dhíchobhsú agus i gcás ina bhféadfadh cineál na ngníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a iomláine chríochach, an ord poiblí a chothabháil nó an tslándáil náisiúnta a choimirciú.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá togra dlí ar leith déanta ag an gCoimisiún a bhfuil bunús dlí ar leith aige maidir le saincheist an ionstraimithe. Ní saincheist é a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi trí Chód Teorainneacha Schengen.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) D'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist le hionstraimiú imirceach cásanna ina ndearna tríú tír taisteal neamhrialta náisiúnach tríú tír a spreagadh nó a éascú go gníomhach ar a críoch féin chun teorainn sheachtrach na mBallstát a bhaint amach ach d'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist leis freisin spreagadh gníomhach nó éascú taistil neamhrialta náisiúnach tríú tír atá i láthair cheana féin sa tríú tír sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist le hionstraimiú imirceach, bearta comhéigneacha a fhorchur arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír limistéir teorann an tríú tír a dhéanann ionstraimiú a fhágáil, i dtreo eile seachas trí Bhallstát.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá togra dlí ar leith déanta ag an gCoimisiún a bhfuil bunús dlí ar leith aige maidir le saincheist an ionstraimithe. Ní saincheist é a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi trí Chód Teorainneacha Schengen.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart don Aontas leas a bhaint as na huirlisí uile atá ina bhosca uirlisí de bhearta taidhleoireachta, maoiniúcháin agus oibriúcháin chun tacú leis na Ballstáit ar gá dóibh déileáil leis an ionstraimiú sin. Ba cheart tús áite a	***scriosta***

thabhairt d'iarrachtaí taidhleoireachta an Aontais nó an Bhallstáit lena mbaineann mar mhodh chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan an ionstraimithe. Féadfar an méid sin a fhorlíonadh, i gcás inarb iomchuí, le forchur beart sriantach ag an Aontas.

Or. en

Réasúnú

Tá togra dlí ar leith déanta ag an gCoimisiún a bhfuil bunús dlí ar leith aige maidir le saincheist an ionstraimithe. Ní saincheist é a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi trí Chód Teorainneacha Schengen.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ag an am céanna, chomh maith leis na bearta sin, is gá freisin na rialacha atá ann faoi láthair maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha agus faireachas ar theorainneacha a threisiú tuilleadh. Chun cúnamh breise a thabhairt don Bhallstát atá ag dul i ngleic le himircigh a ionstraimiú, comhlánaítear le Rialachán (AE) XXX/XXX na rialacha maidir le rialú teorann trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha i réimse an tearmainn agus an fhillte, agus cearta bunúsacha na ndaoine aonair lena mbaineann á n-urramú ag an am céanna agus go háirithe trína áirithiú go n-urramófar an ceart chun tearmainn agus tríd an gcúnamh is gá ó ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus ó eagraíochtaí ábhartha eile a chur ar fáil.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá togra dlí ar leith déanta ag an gCoimisiún a bhfuil bunús dlí ar leith aige maidir le saincheist an ionstraimithe. Ní saincheist é a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi trí Chód Teorainneacha Schengen.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Go háirithe, i gcás ionstraimithe, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann, i gcás inar gá, an trácht teorann a theorannú chomh híseal agus is féidir trí roinnt pointí trasnaithe teorann a dhúnadh, agus fíorrochtain éifeachtach ar nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta á ráthú ag an am céanna. Ba cheart a chur san áireamh in aon chinneadh den sórt sin an bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle go bhfuil an tAontas nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstát ag dul i ngleic le staid ionstraimithe imirceach. Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh go hiomlán in aon teorainneacha den sórt sin cearta shaoránaigh an Aontais, cearta náisiúnach tríú tír ar tairbhithe iad den cheart chun saorghluaiseachta de bhun comhaontú idirnáisiúnta agus cearta náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais nó ar sealbhóirí víosaí fadtéarmacha iad, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach. Ba cheart na teorainneacha sin a chur i bhfeidhm freisin ar bhealach lena n-áirithítear urraim d'oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an non-refoulement.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá togra dlí ar leith déanta ag an gCoimisiún a bhfuil bunús dlí ar leith aige maidir le saincheist an ionstraimithe. Ní saincheist é a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi trí Chód Teorainneacha Schengen.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Cuidíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta leis na Ballstáit na gnéithe oibríochtúla a bhaineann le bainistiú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme, lena n-áirítear ***malartú faisnéise***, soláthar trealaimh, fothú acmhainneachta agus oiliúint do ghardaí teorann náisiúnta, faisnéis spriocdhírithe agus anailís riosca, chomh maith leis an mBuanchór a imscaradh. Cuireann sainordú nua na Gníomhaireachta deiseanna suntasacha ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí rialaithe teorann, lena n-áirítear scagadh agus oibríochtaí um fhilleadh agus seoladh mear-idirghabhála teorann agus/nó idirghabhála um fhilleadh arna iarraidh sin agus ar chríoch an Bhallstáit óstaigh lena mbaineann.	(13) Cuidíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta leis na Ballstáit na gnéithe oibríochtúla a bhaineann le bainistiú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme, lena n-áirítear soláthar trealaimh, fothú acmhainneachta agus oiliúint do ghardaí teorann náisiúnta, faisnéis spriocdhírithe agus anailís riosca, chomh maith leis an mBuanchór a imscaradh. Cuireann sainordú nua na Gníomhaireachta deiseanna suntasacha ar fáil do na Ballstáit ***cúnamh a fháil ina gcuid*** gníomhaíochtaí rialaithe teorann, lena n-áirítear ***maidir le*** hoibríochtaí um fhilleadh agus seoladh mear-idirghabhála teorann agus/nó idirghabhála um fhilleadh arna iarraidh sin agus ar chríoch an Bhallstáit óstaigh lena mbaineann.

Or. en

Réasúnú

Níl aon nós imeachta scagtha ann faoi láthair faoi dhlí an Aontais.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) De bhua Airteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896, tá sé de cheangal ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mholadh do Bhallstát a iarraidh ar an nGníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta a thionscnamh, a chur i gcrích nó a choigeartú, ***chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus dúshláin arna sainaithint ag na teorainneacha seachtracha, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin. Go háirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tacaíocht ón nGníomhaireacht i gcásanna ina bhfuil measúnú leochaileachta tiomnaithe déanta ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i ndáil le himircigh a ionstraimiú. Ar bhonn thorthaí measúnaithe leochaileachta den sórt sin nó i gcás ina sanntar leibhéal tionchair criticiúil do chuid amháin nó níos mó den teorainn sheachtrach agus na heilimintí ábhartha i bpleananna teagmhasacha an Bhallstáit, anailís riosca na Gníomhaireachta agus sraith anailíse an phictiúir de dhálaí Eorpacha á gcur san áireamh, ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a mholadh don Bhallstát lena mbaineann a iarraidh ar an nGníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta a thionscnamh, a chur i gcrích nó a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896.*** Tá inniúlacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin gan dochar don tacaíocht ghinearálta a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a bheith ag cur ar fáil do na Ballstáit.	(14) De bhua Airteagal 41(1) de Rialachán (AE) 2019/1896, ***ar bhonn thorthaí measúnaithe leochaileachta nó i gcás ina sanntar leibhéal tionchair criticiúil do chuid de theorainn sheachtrach amháin nó níos mó de Bhallstát,*** tá sé de cheangal ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a mholadh do Bhallstát a iarraidh ar an nGníomhaireacht tacaíocht na Gníomhaireachta a thionscnamh, a chur i gcrích nó a choigeartú. Tá inniúlacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin gan dochar don tacaíocht ghinearálta a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a bheith ag cur ar fáil do na Ballstáit.

Or. en

Réasúnú

Ailíniú le foclaíocht Airteagal 41(1) de Rialachán an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) ***Thairis sin, i gcás ina ndéantar imircigh a ionstraimiú, ba cheart don*** Bhallstát ***lena mbaineann*** rialú teorann a threisiú, ***lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí bhearta breise lena gcoisctear trasnuithe neamhdhleathacha agus imscaradh acmhainní breise agus modhanna teicniúla chun cosc a chur ar thrasnú neamhúdaraithe na teorann. D'fhéadfaí a áireamh ar mhodhanna teicniúla den sórt sin*** teicneolaíochtaí nua-aimseartha lena n-áirítear ladrainn agus braiteoirí gluaisne, chomh maith le haonaid shoghluaiste. Ní mór úsáid ***modhanna teicniúla*** den sórt sin, ***go háirithe, aon*** teicneolaíochtaí atá in ann sonraí pearsanta a bhailiú, a bheith bunaithe ar fhorálacha an dlí náisiúnta atá sainithe go soiléir agus a fheidhmiú i gcomhréir leo.	(15) ***I gcás ina measann*** Ballstát ***gur gá*** rialú teorann a threisiú agus ***i gcás ina measann sé*** teicneolaíochtaí nua-aimseartha ***a úsáid***, lena n-áirítear ladrainn agus braiteoirí gluaisne, chomh maith le haonaid soghluaiste, ***tá sé tábhachtach gur*** gá, agus úsáid á baint as ***aon*** teicneolaíochtaí den sórt sin atá in ann sonraí pearsanta a bhailiú, ***dlí príomha an Aontais agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a urramú, agus ba cheart*** an úsáid sin a bheith bunaithe ar fhorálacha an dlí náisiúnta atá sainithe go soiléir agus ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir leo.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é gur ceart bunúsach é cosaint sonraí pearsanta, ní mór d'aon teicneolaíocht a úsáidtear ag na teorainneacha seachtracha nó ag na teorainneacha inmheánacha a bheith i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha agus le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú, i ngníomhartha tarmligthe	(16) ***I gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le húsáid na hintleachta saorga,*** ba

arna nglacadh faoin Rialachán seo, caighdeáin iomchuí a shonrú maidir le faireachas ar theorainneacha, go háirithe maidir leis na teicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh na Ballstáit a úsáid, agus cineál na dteorainneacha (teorainneacha talún, muirí nó aeir) á gcur san áireamh, na leibhéil tionchair a sannadh do gach cuid den teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile, ***mar fhreagairt shonrach ar chásanna ina n-ionstraimítear imircigh.***	cheart an Coimisiún a chumhachtú, i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoin Rialachán seo, caighdeáin iomchuí a shonrú maidir le faireachas ar theorainneacha, go háirithe maidir leis na teicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh na Ballstáit a úsáid, agus cineál na dteorainneacha (teorainneacha talún, muirí nó aeir) á gcur san áireamh, na leibhéil tionchair a sannadh do gach cuid den teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile.

Or. en

Réasúnú

Tá togra dlí ar leith déanta ag an gCoimisiún a bhfuil bunús dlí ar leith aige maidir le saincheist an ionstraimithe. Ní saincheist é a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi trí Chód Teorainneacha Schengen.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) I limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart go mbeadh daoine in ann gluaiseacht faoi shaoirse, agus faoi shlándáil idir na Ballstáit. I ndáil leis sin, ba cheart a shoiléiriú nach ndéanann an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha difear d'inniúlacht na mBallstát seiceálacha a dhéanamh ar a gcríoch, ***lena n-áirítear ag a dteorainneacha inmheánacha***, chun críocha eile seachas rialú teorann. Ba cheart a shoiléiriú, go háirithe, go bhfuil sé ***de shaoirse*** i bprionsabal ag údaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear údaráis sláinte nó údaráis forfheidhmithe dlí, ***seiceálacha a dhéanamh i*** bhfeidhmiú ***na*** gcumhachtaí poiblí dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta.	(17) I limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart go mbeadh daoine — ***is cuma cén náisiúntacht atá acu*** — in ann gluaiseacht faoi shaoirse, agus faoi shlándáil idir na Ballstáit. I ndáil leis sin, ba cheart a shoiléiriú nach ndéanann an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha difear d'inniúlacht na mBallstát seiceálacha a dhéanamh ar a gcríoch chun críocha eile seachas rialú teorann. Ba cheart a shoiléiriú, go háirithe, go leanfaidh údaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear údaráis sláinte nó údaráis forfheidhmithe dlí, de bheith i dteideal, i bprionsabal, cumhachtaí poiblí a fheidhmiú dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, ***ar choinníoll nach bhfuil éifeacht na***

gcumhachtaí sin coibhéiseach le rialú ag teorainneacha inmheánacha.

Or. en

Réasúnú

Le hAirteagal 77(2)(e) CFAE, ceanglaítear ar na comhreachtóirí bearta a ghlacadh maidir le heaspa rialuithe ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha. Ailínithe le teanga Chód Teorainneacha Schengen atá ann faoi láthair, ina léirítear cásdlí CBAE freisin.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Cé go mbaineann seiceálacha a bhfuil éifeachtaí coibhéiseacha leo freisin leis an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, níor ***cheart*** a mheas go bhfuil seiceálacha ag ***údaráis inniúla*** coibhéiseach le seiceálacha teorann a dhéanamh i gcás nach bhfuil rialú teorann mar chuspóir acu, i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar fhaisnéis ghinearálta agus ar thaithí ghinearálta na ***n-údarás inniúil*** maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí, ***lena n-áirítear*** i gcás ina bhfuil sé mar aidhm leo ***fanacht neamhrialta nó cónaí*** agus ***coireanna*** trasteorann ***a bhaineann le himirce neamhrialta*** a chomhrac, i gcás ina ndéantar iad a cheapadh agus a fhorghníomhú ar bhealach atá éagsúil go soiléir ó sheiceálacha córasacha ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha, agus i gcás ina ndéantar iad ag moil iompair, amhail calafoirt, stáisiúin traenach nó bus agus aerfoirt nó go díreach ar bord seirbhísí iompair paisinéirí, agus i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar anailís riosca.	(18) Cé go mbaineann seiceálacha a bhfuil éifeachtaí coibhéiseacha leo freisin leis an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ***d'fhéadfadh sé*** nach measfaí seiceálacha a dhéanann ***cumhachtaí póilíneachta a bheith*** coibhéiseach le seiceálacha teorann a dhéanamh i gcás nach bhfuil rialú teorann mar chuspóir acu, i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar fhaisnéis ghinearálta agus ar thaithí na ***bpóilíní*** maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí, i gcás ina bhfuil sé ina bhfuil sé mar aidhm leo ***go háirithe coireacht*** trasteorann a chomhrac, i gcás ina ndéantar iad a cheapadh agus a fhorghníomhú ar bhealach atá éagsúil go soiléir ó sheiceálacha córasacha ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha ***agus inmheánacha***, agus i gcás ina ndéantar iad ag moil iompair, amhail calafoirt, stáisiúin traenach nó bus agus aerfoirt nó go díreach ar bord seirbhísí iompair paisinéirí, agus i gcás ina bhfuil siad bunaithe ar anailís riosca. ***Ag an am céanna, i gcás ina bhfeidhmíonn údaráis inniúla cumhachtaí póilíneachta i limistéar teorann, níl siad i dteideal é sin a***

	dhéanamh ach amháin faoi réir rialacha agus teorainneacha mionsonraithe dochta arna leagan síos ag na Ballstáit ionas nach gcuirfear i mbaol gnóthú an chuspóra maidir le díothú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go leanfadh an fhoclaíocht de bheith níos gaire don fhoclaíocht atá ann cheana i gCód Teorainneacha Schengen. Ní aontaíonn an Rapóirtéir go ndéileálfaí le hábhair atá níos forchoimeádta d'acquis tearmainn AE i gCód Teorainneacha Schengen.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Cé nár cheart ***sreabha imirce neamhrialta*** a mheas, per se, mar bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, ***d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta breise chun feidhmiú limistéar Schengen a áirithiú.***	(19) Níor cheart ***imirce agus trasnú teorann seachtraí ag líon mór náisiúnach tríú tír*** a mheas, per se, mar bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.

Or. en

Réasúnú

Tá an téacs cosúil le haithris 26 atá ann faoi láthair de Chód Teorainneacha Schengen. Ós rud é gur Rialachán leasaitheach é sin, ba cheart an prionsabal sin sa Rialachán sin a athlua.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Maidir leis ***an gcomhrac i gcoinne cónaí neamhdhleathach nó fanacht***	(20) ***Chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta agus*** leis an gcoireacht

neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a bhaineann leis an imirce neamhrialta amhail gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach agus calaois doiciméad ***agus*** cineálacha eile coireachta trasteorann, d'fhéadfaí ***go háirithe*** bearta ***a chuimsiú ann lena bhféadfaí*** céannacht, náisiúntacht agus stádas cónaithe daoine ***a fhíorú*** ar choinníoll go bhfuil na fíoruithe sin ***neamhchórasach agus*** go ndéantar iad ar bhonn anailís riosca.

trasteorann a bhaineann leis an imirce neamhrialta, amhail gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach agus calaois doiciméad, agus chun cineálacha eile coireachta trasteorann ***a chomhrac***, d'fhéadfaí ***a cheangal*** ar na ***Ballstáit*** bearta ***a dhéanamh*** chun céannacht, náisiúntacht agus stádas cónaithe daoine ***a fhíorú*** ar choinníoll ***nach ndéantar*** na fíoruithe sin ***go córasach ag an teorainn ná i réigiúin teorann, nach sáraíonn siad prionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus go*** ndéantar iad ar bhonn anailís riosca.

Or. en

Réasúnú

Ní féidir na bearta a dhéanann na Ballstáit chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta a cheadú chun údar a thabhairt do rialú ag teorainneacha inmheánacha.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) D'fhéadfadh úsáid na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha chun faireachán a dhéanamh ar shreabha tráchta, go háirithe ar mhótarbhealaí agus ar bhóithre tábhachtacha eile arna gcinneadh ag na Ballstáit, a bheith ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Níor cheart go dtuigfí leis an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha go gcoisctear feidhmiú dleathach cumhachtaí póilíneachta ***nó*** cumhachtaí ***poiblí eile*** chun ***seiceálacha*** a dhéanamh ***sna limistéir teorann inmheánaí. Áirítear leis sin*** seiceálacha arb é atá i gceist leo úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear de ghnáth ar an gcríoch nó atá bunaithe ar mheasúnú riosca	(21) D'fhéadfadh úsáid na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha chun faireachán a dhéanamh ar shreabha tráchta, go háirithe ar mhótarbhealaí agus ar bhóithre tábhachtacha eile arna gcinneadh ag na Ballstáit, a bheith ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Níor cheart go dtuigfí leis an toirmeasc ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha go gcoisctear feidhmiú dleathach cumhachtaí póilíneachta chun seiceálacha a dhéanamh arb é atá i gceist leo úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faireacháin agus faireachais a úsáidtear de ghnáth ar an gcríoch nó atá bunaithe ar mheasúnú riosca chun an tslándáil inmheánach a chosaint. ***Chun go mbeidh*** na teicneolaíochtaí sin ***éifeachtach,*** ba

chun an tslándáil inmheánach a chosaint. Dá bhrí sin, ***níor cheart a mheas go bhfuil úsáid*** na dteicneolaíochtaí sin ***le haghaidh seiceálacha coibhéiseach le rialuithe teorann.***	cheart ***é*** a bheith ***indéanta luasteorainneacha comhréireacha a chur i bhfeidhm ag trasnuithe bóthair.***

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Chun go mbeidh na teicneolaíochtaí sin éifeachtach, ba cheart é a bheith indéanta luasteorainneacha comhréireacha a chur i bhfeidhm ag trasnuithe bóthair.	***scriosta***

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) ***Ní mór bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach i limistéar gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha.*** Chun feidhmiú limistéar Schengen a neartú, ***ba cheart go mbeadh*** na Ballstáit ***in ann bearta breise a dhéanamh chun gluaiseachtaí*** neamhrialta idir na Ballstáit a chomhrac, agus chun fanachtaí ***neamhdhleathacha*** a chomhrac. ***I gcás ina ngabhann údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí de chuid Ballstáit*** náisiúnaigh tríú tír ***atá ag fanacht go neamhdhleathach ag na teorainneacha***	(25) Chun feidhmiú limistéar Schengen a neartú, agus ***chun cabhrú leis*** na Ballstáit ***dul i ngleic leis*** an ***imirce*** neamhrialta, ***lena n-áirítear*** idir na Ballstáit, agus fanachtaí ***neamhdhleathacha*** a chomhrac, ***le deich mbliana anuas, tá roinnt mhaith beart tionlacain glactha ag an Aontas, lena n-áirítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) a bhunú, Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú, bunachar sonraí Eorpach um Thaifid Choiriúla a bhunú i ndáil le*** náisiúnaigh tríú tír, ***Córas Faisnéise Schengen (SIS) a athchóiriú, Córas***

inmheánacha mar chuid den chomhar oibríochtúil póilíneachta trasteorann, ba cheart do na húdaráis sin a bheith in ann an ceart dul isteach nó fanacht ar a gcríoch a dhiúltú do dhaoine den sórt sin agus iad a aistriú chuig an mBallstát ónar tháinig siad isteach. Ba cheart a cheangal ar an mBallstát, ónar tháinig an duine go díreach, glacadh leis na náisiúnaigh tríú tír sin a gabhadh.	***Faisnéise Víosaí (VIS) a athchóiriú, dhá athchóiriú shuntasacha ar shainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, agus creat idir-inoibritheachta a bhunú chun ligean do bhunachair sonraí an Aontais sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais cumarsáid a dhéanamh le chéile.***

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar na bearta a rinneadh cheana chun Limistéar Schengen a chosaint gan rialú ag teorainneacha inmheánacha. Tá an scriosadh de bharr Airteagal 23a a scriosadh.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Maidir leis an nós imeachta trína bhféadfaidh Ballstát náisiúnaigh tríú tír a gabhadh atá ag fanacht go neamhdhleathach a aistriú chuig Ballstát as ar tháinig an duine go díreach, ba cheart é a dhéanamh go pras ach ba cheart é a bheith faoi réir coimircí agus á dhéanamh agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt, chun próifíliú cinioch a chosc. Ba cheart do na húdaráis a bheith in ann fíorú a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha, atá ar fáil láithreach do na húdaráis, maidir le gluaiseachtaí na ndaoine lena mbaineann. D'fhéadfaí a áireamh san fhaisnéis sin gnéithe oibiachtúla a chuirfeadh ar chumas na n-údarás a chinneadh gur thaistil an duine ó Bhallstáit eile le déanaí, amhail doiciméid	***scriosta***

a shealbhú, lena n-áirítear admhálacha nó sonraisc, lena bhfianófaí an taisteal a rinneadh le déanaí ó Bhallstát eile. Ba cheart cinneadh réasúnaithe i scríbhinn a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an nós imeachta aistrithe. Cé gur cheart an cinneadh a bheith in-fhorfheidhmithe láithreach, ba cheart leigheas éifeachtach a thabhairt don náisiúnach tríú tír chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh aistrithe nó chun athbhreithniú ar an gcinneadh sin a lorg. Níor cheart go mbeadh éifeacht fionraíochta ag an leigheas sin.

Or. en

Réasúnú

Ní hé ról Chód Teorainneacha Schengen nós imeachta inmheánach um fhilleadh a thabhairt isteach i Limistéar Schengen. Is léir go bhfuil sé sin contrártha le spiorad Limistéar Schengen gan rialú ag teorainneacha inmheánacha agus léiríonn sé an gá atá le dul chun cinn a dhéanamh maidir le réimsí beartais eile a athchóiriú.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Níor cheart go ndéanfadh ***an nós imeachta aistrithe dá bhforáiltear faoin*** Rialachán seo difear don fhéidearthacht atá ann cheana do na Ballstáit náisiúnaigh tríú tír neamhrialta a chur ar ais i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha nó socruithe dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE (an "Treoir um Fhilleadh"), i gcás ina mbraitear na daoine sin lasmuigh de chomharsanacht na dteorainneacha inmheánacha. ***Chun cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin a éascú, agus chun an cuspóir maidir leis an limistéar a chosaint gan teorainneacha inmheánacha a chomhlánú, ba cheart an deis a***	(27) Níor cheart go ndéanfadh ***aon ní*** sa Rialachán sin difear don fhéidearthacht atá ann cheana do na Ballstáit náisiúnaigh tríú tír neamhrialta a chur ar ais i gcomhréir le comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE (an "Treoir um Fhilleadh"), i gcás ina mbraitear na daoine sin lasmuigh de chomharsanacht na dteorainneacha inmheánacha.

thabhairt do na Ballstáit comhaontuithe nó socruithe nua a thabhairt i gcrích agus comhaontuithe nó socruithe atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon mhodhnuithe nó nuashonruithe ar chomhaontuithe nó socruithe nua den sórt sin. I gcás ina bhfuil náisiúnach tríú tír tógtha ar ais ag Ballstát faoin nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán sin nó ar bhonn comhaontú nó socrú déthaobhach, ba cheart a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann cinneadh um fhilleadh a eisiúint i gcomhréir leis an Treoir um Fhilleadh. Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na nósanna imeachta nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus na rialacha atá ann cheana maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh, is gá, dá bhrí sin, modhnú spriocdhírithe a dhéanamh ar Airteagal 6(3) den Treoir um Fhilleadh.

Or. en

Réasúnú

Bhí na forálacha neamhghníomhaíochta sa Treoir um Fhilleadh ceaptha chun a áirithiú go mbogfadh an tAontas i dtreo cur chuige níos comhchuibhithe. Níl an Rapóirtéir ag iarraidh bogadh siar ina leith sin, trí níos mó comhaontuithe déthaobhacha a spreagadh laistigh de Limistéar Schengen nach ndéanfadh ach rialacha AE a sheachaint.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit bearta a ghlacadh ag na teorainneacha inmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar limistéar Schengen. ***Tá na Ballstáit fós inniúil chun a chinneadh an gá rialuithe*** teorann a athbhunú nó ***a fhadú*** ar bhonn sealadach. Faoi na rialacha atá	(28) I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit bearta a ghlacadh ag na teorainneacha inmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar limistéar Schengen. ***Ós rud é go ndéanann*** athbhunú sealadach ***rialaithe*** ag teorainneacha ***inmheánacha difear do shaorghluaiseacht daoine, ba cheart aon***

ann cheana, déantar foráil maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ***a athbhunú*** i gcúinsí ina dtagann bagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí in aon Bhallstát amháin ar feadh tréimhse teoranta ama. Go háirithe, d'fhéadfadh an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe, éigeandálaí sláinte poiblí ar mhórscála nó imeachtaí idirnáisiúnta ar mhórscála nó ardphróifíle amhail imeachtaí spóirt, trádála nó polaitiúla a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.	***chinneadh chun rialú den sórt sin a athbhunú a dhéanamh i gcomhréir le critéir a chomhaontaítear go comhchoiteann agus ba cheart fógra cuí a thabhairt don Choimisiún ina leith nó ba cheart d'institiúid de chuid an Aontais é a mholadh.*** Faoi na rialacha atá ann cheana, déantar foráil maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ***a thabhairt isteach*** i gcúinsí ina dtagann bagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí in aon Bhallstát amháin ar feadh tréimhse teoranta ama. Go háirithe, d'fhéadfadh an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe, éigeandálaí sláinte poiblí ar mhórscála nó imeachtaí idirnáisiúnta ar mhórscála nó ardphróifíle amhail imeachtaí spóirt, trádála nó polaitiúla a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.

Or. en

Réasúnú

Tá an bunús ar ar cheart rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach leagtha amach cheana sa leagan reatha de Chód Teorainneacha Schengen, féach Aithris 23. Níor cheart aithrisí nua lena moltar cur chuige difriúil a mheascadh leis an mbunús sin.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ina theannta sin, d'fhéadfadh bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a bheith mar thoradh ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe mórscála imirceach neamhrialta idir na Ballstáit ina gcruthaíonn sé sin brú ar acmhainní agus ar acmhainneachtaí foriomlána na seirbhísí náisiúnta freagracha, i gcás nach leor na modhanna eile dá	***scriosta***

bhforáiltear faoin Rialachán sin chun aghaidh a thabhairt ar na hinsreafaí agus ar na gluaiseachtaí sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar thuarascálacha oibiachtúla agus cainníochtaithe ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe aon uair a bheidh siad ar fáil, go háirithe nuair a tháirgeann gníomhaireachtaí inniúla an Aontais iad ar bhonn rialta i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. Ba cheart do Bhallstát a bheith in ann an fhaisnéis arna soláthar ag na gníomhaireachtaí a úsáid chun a léiriú gur bagairt eisceachtúil é an bhagairt a sainaithníodh mar gheall ar ghluaiseacht neamhúdaraithe sa mheasúnú riosca, chun údar a thabhairt le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar an bhforas sin.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart an gá atá le hathchóiriú i réimsí beartais eile a úsáid mar chúis le rialú ag teorainneacha inmheánacha. Níl san aithris seo ach foras nua a thairiscint do na Ballstáit chun rialú ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach, rud nach raibh dleathach go dtí seo. Ní féidir an aithris seo a réiteach leis an mbunús dlí mar a leagtar síos in Airteagal 77(2)(e).

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Leis an sásra cosanta nua maidir le limistéar Schengen, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann cinneadh a ghlacadh, ar thogra ón gCoimisiún, lena n-údarófar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú, i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin de bharr bagairt ar leith, arna sainaithint ar bhonn fógraí a fuarthas ó Bhallstáit aonair, ***nó*** ar bhonn faisnéise eile atá ar fáil, ***go háirithe measúnú riosca, i***	(31) Leis an sásra nua cosanta ***ar leibhéal an Aontais*** i limistéar Schengen, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann cinneadh a ghlacadh, ar thogra ón gCoimisiún, ***agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa***, lena n-údarófar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú, i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin de bharr bagairt ar leith, arna shainaithint ar bhonn fógraí a fuarthas ó

gcás síneadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha níos faide ná sé mhí. I bhfianaise íogaireacht pholaitiúil cinnidh den sórt sin lena rialaítear an fhéidearthacht do Bhallstáit rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcúinsí áirithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme chun cinneadh a ghlacadh a thabhairt don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún.	Bhallstáit aonair, ***measúnú riosca, agus*** faisnéis eile atá ar fáil. I bhfianaise íogaireacht pholaitiúil cinnidh den sórt sin lena rialaítear an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcúinsí áirithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme chun cinneadh a ghlacadh a thabhairt don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, ***agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.***

Or. en

Réasúnú

Mar chomhreachtóir, ní mór ról a thabhairt don Pharlaimint maidir lena chinneadh an bhfuil sé iomchuí rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil bonn cirt le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ag na Ballstáit, ba cheart don Chomhairle a chur san áireamh an bhfuil aon bhearta eile ar fáil lena bhféadfaí ardleibhéal slándála a áirithiú laistigh den chríoch, ***amhail seiceálacha treisithe arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla sna limistéir teorann inmheánacha.*** I gcás ina measfar nach bhfuil bonn cirt le síneadh a chur leis na rialuithe, ba cheart don Choimisiún, ina ionad sin, a mholadh go n-úsáidfí bearta eile a mheastar a bheith níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt arna sainaithint.	(32) Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil bonn cirt le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ag na Ballstáit, ba cheart don ***Choimisiún, don*** Chomhairle ***agus don Pharlaimint*** a chur san áireamh ***go bhfuil rialú ag teorainneacha inmheánacha fós ina rogha dheiridh a bhfuil tionchar tromchúiseach aige ar gach duine a bhfuil sé de cheart acu gluaiseacht laistigh den limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha. Ba cheart athbhunú nó fadú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a bheith eisceachtúil agus ba cheart prionsabal na comhréireachta a urramú. Ba cheart raon feidhme agus ré aon athbhunú sealadach beart den sórt sin a theorannú don mhéid is lú is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Ba cheart**

	don Chomhairle a mheas an bhfuil aon bhearta eile ar fáil lena bhféadfaí ardleibhéal slándála a áirithiú laistigh den chríoch. I gcás ina meastar nach bhfuil bonn cirt le síneadh a chur leis na rialuithe, ***ba cheart deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha láithreach*** agus ba cheart don Choimisiún a mholadh go n-úsáidfí bearta eile a mheastar a bheith níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt a sainaithníodh.
	Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na comhréireachta, ba cheart an cinneadh ón gComhairle a ghlacadh ar feadh tréimhse teoranta ama suas le sé mhí, ar féidir síneadh a chur léi faoi réir athbhreithniú rialta ar thogra ón gCoimisiún, ***fad a fhaightear amach go bhfuil an bhagairt fós ann.*** Ba cheart a áireamh sa chéad chinneadh measúnú ar thionchar ionchasach na mbeart arna nglacadh, lena n-áirítear na fo-éifeachtaí díobhálacha a bhaineann leo, d'fhonn a chinneadh an bhfuil údar le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nó ***an bhféadfaí*** bearta nach bhfuil chomh sriantach a chur i bhfeidhm ina n-áit ar bhealach éifeachtach. Ba cheart forás na bagartha arna sainaithint a chur san áireamh sna cinntí a dhéanfar ina dhiaidh sin. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit faoi athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle.	(34) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na comhréireachta, ba cheart an cinneadh ón gComhairle a ghlacadh ar feadh tréimhse teoranta ama suas le sé mhí, ar féidir síneadh a chur léi faoi réir athbhreithniú rialta ar thogra ón gCoimisiún, ***suas le tréimhse dhá bhliain ar a mhéad i gcásanna eisceachtúla.*** Ba cheart a áireamh sa chéad chinneadh measúnú ar thionchar ionchasach na mbeart arna nglacadh, lena n-áirítear na fo-éifeachtaí díobhálacha a bhaineann leo, d'fhonn a chinneadh an bhfuil údar le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nó ***ar cheart*** bearta nach bhfuil chomh sriantach a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach. Ba cheart forás na bagartha arna sainaithint a chur san áireamh sna cinntí a dhéanfar ina dhiaidh sin. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt láithreach don Choimisiún, ***do Pharlaimint na hEorpa*** agus do na Ballstáit faoi athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Ba cheart go bhféadfaí rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú freisin i gcás ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha fós ann i mbainistiú na dteorainneacha seachtracha, rud a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol. ***Níor cheart tréimhsí inar thug na Ballstáit na rialuithe teorann isteach mar gheall gur éiligh phráinn an cháis sin nó ina gcinneann an Chomhairle an t-athbhunú a mholadh toisc go ndéanann bagairt difear do líon suntasach Ballstát, níor cheart iad a áireamh sa tréimhse dhá bhliain is infheidhme maidir le hathbhunú bunaithe ar easnaimh thromchúiseacha ag na teorainneacha seachtracha.***	(35) Ba cheart go bhféadfaí rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú freisin i gcás ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha fós ann i mbainistiú na dteorainneacha seachtracha, rud a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol.

Or. en

Réasúnú

Níl carnadh tréimhsí rialaithe ag teorainneacha inmheánacha ina chuidiú le laghdú a dhéanamh ar úsáid an rialaithe ag teorainneacha inmheánacha agus rialaigh CBAE go bhfuil sé neamhdhleathach. Ba é go díreach an cineál seo carnadh forais le haghaidh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a d'úsáid na Ballstáit chun rialuithe teorann a choinneáil i bhfeidhm níos faide.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Tá impleachtaí tromchúiseacha ag athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, bíodh sin ar bhonn cinntí aontaobhacha na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais, d'fheidhmiú limistéar Schengen. Chun a áirithiú nach ndéanfar aon chinneadh rialuithe teorann a athbhunú ach amháin nuair is gá, mar rogha dheiridh, ba cheart an cinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach a bheith bunaithe ar chritéir choiteanna, ***agus béim á leagan ar riachtanas agus ar chomhréireacht.*** Ceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go mbeidh athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha faoi réir coimircí a mhéadóidh le himeacht ama.	(36) Tá impleachtaí tromchúiseacha ag athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, bíodh sin ar bhonn ***cinntí ar leibhéal an Aontais nó*** cinntí aontaobhacha na mBallstát, d'fheidhmiú limistéar Schengen. Chun a áirithiú nach ndéanfar aon chinneadh rialuithe teorann a athbhunú ach amháin nuair is gá, mar rogha dheiridh, ba cheart an cinneadh maidir le rialuithe teorann a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach a bheith bunaithe ar chritéir choiteanna ***agus ba cheart é a bheith fíor-riachtanach agus comhréireach.*** Ceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go mbeidh athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha faoi réir coimircí a mhéadóidh le himeacht ama.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36 a) Ba cheart aon mhaolú ar phrionsabal bunúsach na saorghluaiseachta daoine a léirmhíniú go docht agus glactar leis, le coincheap an bheartais phoiblí, gurb ann d'fhíorbhagairt láithreach atá tromchúiseach go leor lena ndéantar difear do cheann amháin de leasanna bunúsacha na sochaí.

Or. en

Réasúnú

Tá an téacs i gcomhréir le seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh maidir leis an athchóiriú a moladh roimhe seo ar SBC.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Ar an gcéad ásc, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ag féachaint do chineál na bagartha tromchúisí a sainaithníodh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar an tionchar is dócha a bheidh ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar ghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar fheidhmiú na réigiún trasteorann, agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin. Ba cheart an measúnú sin a bheith mar chuid den fhógra a cheanglaítear ar na Ballstáit a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina gcuirtear síneadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i gcás imeachtaí intuartha thar thréimhse tosaigh ***sé*** mhí, ba cheart don Bhallstát ***measúnú*** a dhéanamh freisin ar oiriúnacht na mbeart malartach chun na cuspóirí céanna a shaothrú agus atá ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, amhail seiceálacha comhréireacha a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachtaí póilíneachta ***nó*** cumhachtaí ***poiblí eile*** nó trí chineálacha comhair póilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais, ***agus an fhéidearthacht an nós imeachta aistrithe a úsáid.***	(37) Ar an gcéad ásc, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ag féachaint do chineál na bagartha tromchúisí a sainaithníodh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar an tionchar is dócha a bheidh ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar ghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar fheidhmiú na réigiún trasteorann, agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin. Ba cheart an measúnú sin a bheith mar chuid den fhógra a cheanglaítear ar na Ballstáit a tharchur chuig an gCoimisiún ***agus chuig Parlaimint na hEorpa.*** I gcás ina gcuirtear síneadh le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i gcás imeachtaí intuartha thar thréimhse tosaigh ***trí*** mhí, ba cheart don Bhallstát ***measúnú riosca a dhéanamh freisin, lena n-áirítear measúnú ar*** oiriúnacht na mbeart malartach chun na cuspóirí céanna a shaothrú agus atá ag rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, amhail seiceálacha comhréireacha a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachtaí póilíneachta nó trí chineálacha comhair póilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) D'fhonn teorainn a chur leis na hiarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart bearta maolaitheacha a bheith ag gabháil le haon chinneadh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú más gá. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin bearta chun oibriú rianúil idirthurais pearsanra earraí agus iompair agus maraithe a áirithiú trí 'lánaí glasa' a bhunú. Ina theannta sin, agus chun aird a thabhairt ar an ngá atá le gluaiseacht daoine a bhféadfadh a ngníomhaíochtaí a bheith riachtanach chun an slabhra soláthair nó soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha a chaomhnú, ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte atá ann cheana maidir le hoibrithe trasteorann a chur i bhfeidhm freisin[45]. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart a chur san áireamh sna rialacha maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, na treoirlínte agus na moltaí a glacadh le linn phaindéim COVID-19 mar líontán sábhála láidir don Mhargadh Aonair, chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad, ***i gcás inarb iomchuí***, mar bhearta maolaitheacha le linn rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. ***Ba cheart bearta a shainaithint, go háirithe, d'fhonn feidhmiú neamhbhriste an Mhargaidh Aonair a áirithiú agus leasanna na réigiún trasteorann agus leasanna na "gcathracha cúplacha" a chosaint, lena n-áirítear, mar shampla, údaruithe nó maoluithe d'áitritheoirí na réigiún trasteorann.***	(38) D'fhonn teorainn a chur leis na hiarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as athbhunú rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart bearta maolaitheacha a bheith ag gabháil le haon chinneadh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú más gá, ***ach d'fhonn deireadh a chur leis an rialú ag teorainneacha inmheánacha i gcónaí a luaithe is féidir.*** Ba cheart a áireamh ar na bearta sin bearta chun oibriú rianúil idirthurais pearsanra earraí agus iompair agus maraithe a áirithiú trí 'lánaí glasa' a bhunú. Ina theannta sin, agus chun aird a thabhairt ar an ngá atá le gluaiseacht daoine a bhféadfadh a ngníomhaíochtaí a bheith riachtanach chun an slabhra soláthair nó soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha a chaomhnú, ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte atá ann cheana maidir le hoibrithe trasteorann a chur i bhfeidhm freisin[45]. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart a chur san áireamh sna rialacha maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, na treoirlínte agus na moltaí a glacadh le linn phaindéim COVID-19 mar líontán sábhála láidir don Mhargadh Aonair, chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad mar bhearta maolaithe le linn rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú.
[45] 2020/C 102 I/03.	[45] 2020/C 102 I/03.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Ba cheart an fógra atá le tabhairt ag na Ballstáit a bheith cinntitheach agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar agus na gcoinníollacha maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach. Chun tacar inchomparáide faisnéise a áirithiú, ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh chun fógra a thabhairt faoi rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i ngníomh cur chun feidhme. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit i dteideal an fhaisnéis uile a sholáthraítear san fhógra, nó codanna di, a rúnaicmiú, gan dochar d'fheidhmiú na mbealaí comhair póilíneachta atá iomchuí agus slán.	(39) Ba cheart an fógra atá le tabhairt ag na Ballstáit a bheith cinntitheach agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar agus na gcoinníollacha maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach. Chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht agus faireachán cuí ar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunaíodh, ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh chun fógra a thabhairt faoi rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú trí bhíthin gníomh tarmligthe. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit i dteideal an fhaisnéis uile a sholáthraítear san fhógra, nó codanna di, a rúnaicmiú, gan dochar d'fheidhmiú na mbealaí comhair póilíneachta atá iomchuí agus slán.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é go bhfuil an fógra ó na Ballstáit chomh tábhachtach sin chun comhlíonadh rialacha Chód Teorainneacha Schengen a chinneadh, ní mór a mheas gur eilimint é an teimpléad fógartha a fhorlíonfaidh gnéithe neamhriachtanacha den Rialachán.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Chun a áirithiú gur rogha dheiridh i ndáiríre iad rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nach gcuirtear i bhfeidhm ach a fhad is gá, agus ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht rialuithe ag teorainneacha	(40) Chun a áirithiú gur rogha dheiridh i ndáiríre iad rialuithe ag teorainneacha inmheánacha nach gcuirtear i bhfeidhm ach a fhad is gá, agus ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht rialuithe ag teorainneacha

inmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha, ba cheart do na Ballstáit measúnú riosca a ullmhú a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin nuair a chuirfear síneadh níos faide ná sé mhí leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha mar fhreagairt ar bhagairtí intuartha. Ní mór do na Ballstáit a mhíniú, go háirithe, scála agus éabhlóid na bagartha tromchúisí arna sainaithint, lena n-áirítear a fhad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, chomh maith lena mbearta comhordúcháin leis na Ballstáit eile a bhfuil tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.	inmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí intuartha, ba cheart do na Ballstáit measúnú riosca a ullmhú a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin nuair a chuirfear síneadh níos faide ná trí mhí leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha mar fhreagairt ar bhagairtí intuartha. Ní mór do na Ballstáit a mhíniú, go háirithe, scála agus éabhlóid na bagartha tromchúisí arna sainaithint, lena n-áirítear a fhad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, cén fáth nach réiteoidh bearta malartacha an bhagairt arna sainaithint, chomh maith lena mbearta comhordúcháin leis na Ballstáit eile a bhfuil tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.
	Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) D'fhonn leibhéal leordhóthanach trédhearcachta a áirithiú maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann difear do thaisteal gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart do na Ballstáit Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas freisin faoi na príomhghnéithe a bhaineann le hathbhunú rialuithe teorann atá beartaithe. I gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfaidh na Ballstáit faisnéis den sórt sin a rúnaicmiú freisin. Gach bliain, de bhun Airteagal 33 de Chód Teorainneacha Schengen, ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha ('tuarascáil ar Staid Schengen') a chur faoi bhráid Pharlaimint	(42) D'fhonn leibhéal leordhóthanach maoirseachta, trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit a dhéanann difear do thaisteal gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart do na Ballstáit faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le hathbhunú rialuithe teorann atá beartaithe. I gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, féadfaidh na Ballstáit faisnéis den sórt sin a rúnaicmiú freisin. Gach bliain, de bhun Airteagal 33 de Chód Teorainneacha Schengen, ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha

na hEorpa agus na Comhairle inar cheart aird ar leith a thabhairt ar an staid maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír, ag tógáil ar an bhfaisnéis atá ar fáil ó na Gníomhaireachtaí ábhartha agus ar anailís sonraí ó na córais faisnéise ábhartha. Ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar an riachtanas agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le rialuithe teorann a athbhunú sa tréimhse a chumhdaítear leis an Tuarascáil sin. Cumhdóidh tuarascáil ar Staid Schengen freisin na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as Airteagal 20 de Shásra Meastóireachta Schengen[46].

[46] Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen, IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

inmheánacha (‘tuarascáil ar Staid Schengen’) a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle inar cheart aird ar leith a thabhairt ar na rialuithe teorann a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí. Ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar an riachtanas agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le gach rialú teorann a athbhunaíodh sa tréimhse a chumhdaítear leis an Tuarascáil sin. Cumhdóidh tuarascáil ar Staid Schengen freisin na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as Airteagal 20 de Shásra Meastóireachta Schengen[46].

[46] Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen, IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart don Tuarascáil ar Staid Schengen díriú ar Limistéar Schengen gan rialú ag teorainneacha inmheánacha agus ar dheireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a tugadh isteach.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Leis an sásra chun rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach i gcásanna práinneacha nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí	(43) Leis an sásra chun rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach i gcásanna práinneacha nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí

intuartha, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht don Choimisiún comhairliúcháin a eagrú idir na Ballstáit, lena n-áirítear arna iarraidh sin ag aon Bhallstát. Ba cheart go mbeadh Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais rannpháirteach sa phróiseas sin chun a gcuid saineolais a roinnt, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart breathnú sna comhairliúcháin sin ar na modúlachtaí a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a dhéanamh agus ar a n-amlíne, agus ar na bearta maolaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann, chomh maith leis na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann bearta malartacha a chur i bhfeidhm ina n-ionad. I gcás inar eisigh an Coimisiún nó Ballstát tuairim a léiríonn imní maidir le hathbhunú rialuithe teorann, ba cheart na comhairliúcháin sin a bheith éigeantach.	intuartha, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an gCoimisiún comhairliúcháin a eagrú idir na Ballstáit, lena n-áirítear arna iarraidh sin ag aon Bhallstát. Féadfaidh Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin chun a gcuid saineolais a roinnt, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart breathnú sna comhairliúcháin sin ar an bhféidearthacht bearta malartacha a chur i bhfeidhm, agus, más gá, ar na modúlachtaí a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a dhéanamh, ar na bearta amlíne a bhaineann leo agus ar na bearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcás inar eisigh an Coimisiún nó Ballstát tuairim a léiríonn imní maidir le hathbhunú rialuithe teorann, ba cheart na comhairliúcháin sin a bheith éigeantach.
	Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit i gcónaí aon imní a chur in iúl maidir le riachtanas agus comhréireacht cinnidh ó Bhallstát rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar chúis práinne nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt intuartha. I gcás ina ndéantar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a fhadú i gcás bagairtí intuartha ar feadh tréimhsí níos faide ná ocht mí dhéag le chéile, ba cheart é a bheith ina cheanglas ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint ina ndéanfaí measúnú ar riachtanas agus comhréireacht rialuithe teorann inmheánacha den sórt sin. ***I gcás ina***	(44) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit i gcónaí aon imní a chur in iúl maidir le riachtanas agus comhréireacht cinnidh ó Bhallstát rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar chúis práinne nó chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt intuartha. I gcás ina ndéantar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a fhadú i gcás bagairtí intuartha ar feadh tréimhsí níos faide ná sé mhí le chéile, ba cheart é a bheith ina cheanglas ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint ina ndéanfaí measúnú ar riachtanas agus comhréireacht rialuithe teorann inmheánacha den sórt sin. Tá tuairim den

measann Ballstát go bhfuil cásanna eisceachtúla ann a thugann údar maith leis an ngá leanúnach atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar feadh tréimhse níos faide ná dhá bhliain, ba cheart don Choimisiún tuairim leantach a eisiúint. Tá tuairim den sórt sin gan dochar do na bearta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí um shárú, a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh tráth ar bith in aghaidh aon Bhallstáit toisc nach gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. I gcás ina n-eiseofar tuairim, ba cheart don Choimisiún comhairliúcháin a thionscnamh leis na Ballstáit lena mbaineann.	sórt sin gan dochar do na bearta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí um shárú, a cheanglaítear ar an gCoimisiún a dhéanamh tráth ar bith in aghaidh aon Bhallstáit toisc nach gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. I gcás ina n-eiseofar tuairim, ba cheart don Choimisiún comhairliúcháin a thionscnamh leis na Ballstáit lena mbaineann.

Or. en

Réasúnú

Rialaigh an CBAE go raibh rialuithe teorann inmheánacha éiginnte den sórt sin neamhdhleathach.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Chun go mbeifear in ann anailís post factum a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le rialuithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach, ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit i gcónaí tuarascáil maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin a luaithe a chuirfidh siad deireadh leis na rialuithe. I gcás ina gcoinnítear na rialuithe i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada ama, ba cheart tuarascáil den sórt sin a thíolacadh freisin tar éis dhá mhí dhéag, agus gach bliain ina dhiaidh sin má choinnítear rialuithe	(45) Chun go mbeifear in ann anailís post factum a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le rialuithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach, ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit i gcónaí tuarascáil maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin a luaithe a chuirfidh siad deireadh leis na rialuithe. I gcás ina gcoinnítear na rialuithe i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí, ba cheart tuarascáil den sórt sin a thíolacadh freisin tar éis na chéad tréimhse sé mhí sin. Ba cheart go dtabharfaí breac-

eisceachtúla agus fad a choinnítear na rialuithe ar bun. Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas sa tuarascáil, go háirithe, ar an measúnú tosaigh agus ar an measúnú leantach maidir leis an ngá atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar urramú na gcritéar maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh i ngníomh cur chun feidhme agus é a chur ar fáil ar líne.	chuntas sa tuarascáil, go háirithe, ar an measúnú tosaigh agus ar an measúnú leantach maidir leis an ngá atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha agus ar urramú na gcritéar maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Ba cheart don Choimisiún teimpléad a ghlacadh i ngníomh cur chun feidhme agus é a chur ar fáil ar líne.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú in aghaidh daoine bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh.	(46) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú in aghaidh daoine bunaithe ar ghnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

Or. en

Réasúnú

Ailínithe le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
27. tagraíonn ‘ionstraimiú imirceach’ do chás ina dtionscnaíonn tríú tír sreabha imirce neamhrialta isteach san Aontas trí ghluaiseacht náisiúnach tríú tír chuig na teorainneacha seachtracha a spreagadh nó a éascú go gníomhach, isteach ar a críoch nó amach astu agus ansin chuig na teorainneacha seachtracha sin, i gcás ina léirítear leis na gníomhaíochtaí sin go bhfuil rún ag tríú tír an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, i gcás ina bhféadfadh cineál na ngníomhaíochtaí sin feidhmeanna riachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a sláine críche, an t-ord poiblí a choinneáil nó a slándáil náisiúnta a choimirciú;	27. ciallaíonn ‘éigeandáil sláinte poiblí ar mhórscála’ cás inar shainaithin an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú go bhfuil galar tógálach ann i dtríú tír amháin nó níos mó a bhfuil riosca eipidéime aige mar atá sainmhínithe in ionstraimí ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

Or. en

Réasúnú

Teastaíonn sainmhíniú oiriúnach le húsáid an téarma “éigeandáil mhórscála sláinte poiblí” in Airteagal 25. I gcomhréir leis na forálacha eile a bhaineann le sláinte an phobail, ciallaíonn éigeandáil sláinte poiblí ar mhórscála go bhfuil eipidéim ann. Níl aon údar ná breisluach le sainmhíniú ar “ionstraimiú” a áireamh i gCód Teorainneacha Schengen. Má tá sainmhíniú den sórt sin le bheith ann, ba cheart go mbeadh sé i gceart sa Rialachán atá beartaithe maidir le hIonstraimiú.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) in Airteagal 5, cuirtear mír 4 nua isteach:	***scriosta***
4. I gcás ina ndéanfar imircigh a ionstraimiú, féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur le líon na bpointí trasnaithe teorann arna bhfógairt de bhun mhír 1 nó a n-uaireanta oscailte i	

gcás inar gá sin de réir na gcúinsí.

Déanfar aon teorainneacha arna nglacadh de bhun na chéad fhomhíre a chur chun feidhme ar bhealach atá comhréireach agus ina gcuirfear na cearta seo a leanas san áireamh go hiomlán:

(a) daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais;

(b) náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad faoi Threoir 2003/109/CE ón gComhairle[56], daoine a dhíorthaíonn a gceart chun cónaí ó ionstraimí eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta nó a bhfuil víosaí fadtéarmacha náisiúnta acu, chomh maith lena mbaill teaghlaigh faoi seach;

(c) náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu.

---

[56] Treoir 2003/109/EC ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44).

Or. en

Réasúnú

Ní léir cén fáth go bhfuil forais nua ag teastáil ó na Ballstáit, atá i dteideal pointí trasnaithe teorann (BCP) a dhúnadh faoi Chód Teorainneacha Schengen atá ann faoi láthair, chun é sin a dhéanamh. Ó thaobh na praiticiúlachta de, má tá daoine ag teacht chuig an teorainn sheachtrach agus cosaint á lorg acu, tá sé tábhachtach go bhfanfaidh BCPanna ar oscailt ionas gur féidir leo a gceart chun cosaint a lorg a fheidhmiú go héifeachtach.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Duine a thrasnaigh teorainn go neamhdhleathach agus nach bhfuil aon cheart aige fanacht ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, déanfar é a ghabháil agus a chur faoi réir na nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE.	Gan dochar d'Airteagal 3 agus d'Airteagal 4, déanfar duine a thrasnaigh teorainn go neamhrialta agus nach bhfuil aon cheart aige fanacht ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann a ghabháil agus a chur faoi réir nósanna imeachta lena n-urramaítear Treoir 2008/115/CE.

Or. en

Réasúnú

Níl trasnú teorainneacha mídhleathach. Ní mór cur i bhfeidhm na Treorach um Fhilleadh a bheith gan dochar do chearta na ndaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 13 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh aonaid dho-aistrithe nó shoghluaiste faireachas, a chomhlíonfaidh a ndualgais trí patrólú nó trí iad féin a lonnú in áiteanna arb eol go bhfuil siad íogair nó a mheastar a bheith íogair, agus é mar aidhm leis an bhfaireachas sin trasnuithe teorann neamhúdaraithe a chosc nó daoine aonair a thrasnaíonn an teorainn go neamhdhleathach a ghabháil. Féadfar faireachas a dhéanamh freisin trí mhodhanna teicniúla, lena n-áirítear modhanna leictreonacha, trealamh agus córais faireachais.	4. Déanfaidh aonaid dho-aistrithe nó shoghluaiste faireachas, a chomhlíonfaidh a ndualgais trí patrólú nó trí iad féin a lonnú in áiteanna arb eol go bhfuil siad íogair nó a mheastar a bheith íogair, agus é mar aidhm leis an bhfaireachas sin trasnuithe teorann neamhúdaraithe a chosc nó daoine aonair a thrasnaíonn an teorainn go neamhrialta a ghabháil. Féadfar faireachas a dhéanamh freisin trí mhodhanna teicniúla, lena n-áirítear modhanna leictreonacha, trealamh agus córais faireachais agus déanfar é i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais.

Or. en

Réasúnú

Tráth a bhfuil dul chun cinn tapa á dhéanamh sa teicneolaíocht, go háirithe i réimse na hintleachta saorga, tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir go bhfuil srianta ar threalamh ar cheart a úsáid le haghaidh faireachas ar theorainneacha.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina ndéanfar imircigh a ionstraimiú, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann dlús leis an bhfaireachas ar theorainneacha de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt mhéadaithe. Go háirithe, cuirfidh an Ballstát feabhas, de réir mar is iomchuí, ar na hacmhainní agus ar na modhanna teicniúla chun cosc a chur ar thrasnú neamhúdaraithe na teorann.	***scriosta***
Féadfar a áireamh ar na modhanna teicniúla sin teicneolaíochtaí nua-aimseartha lena n-áirítear ladrainn agus braiteoirí gluaisne, chomh maith le haonaid shoghluaiste chun trasnuithe teorann neamhúdaraithe isteach san Aontas a chosc.	

Or. en

Réasúnú

Leasú iarmhartach bunaithe ar thuairim an Rapóirtéir nár cheart go mbeadh ionstraimiú mar chuid den SBC. Níl sé soiléir cén breisluach a bheadh fágtha ag an bhforáil.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) Uimh. 2016/399
Airteagal 13 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Gan dochar don tacaíocht a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a chur ar fáil do na Ballstáit, i gcás ina ndéantar imircigh a ionstraimiú, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht measúnú leochaileachta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 10(1), pointe (c) agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], d'fhonn an tacaíocht is gá a chur ar fáil don Bhallstát lena mbaineann.	***scriosta***
Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe sin nó aon mheasúnú leochaileachta ábhartha eile nó ar bhonn leibhéal tionchair criticiúil a shannadh don chuid den teorainn lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 35(1)(d) de Rialachán (AE) 2019/1896, déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta moltaí, i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán sin, d'aon Bhallstát lena mbaineann.	

[57] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, IO L 295, 14.11.2019.

Or. en

Réasúnú

Leasú iarmhartach bunaithe ar thuairim an Rapóirtéir nár cheart go mbeadh ionstraimiú mar chuid den SBC. Níl sé soiléir cén breisluach a bheadh fágtha ag an bhforáil. Ní athraíonn an

fhoráil seo sainordú an EBCG, mar sin níl aon luach breise ag baint leis.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 13 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 maidir le bearta breise lena rialaítear faireachas, lena n-áirítear forbairt caighdeán maidir le faireachas ar theorainneacha, go háirithe úsáid teicneolaíochtaí faireachais agus faireacháin ag na teorainneacha seachtracha, agus cineál na dteorainneacha, na leibhéil tionchair a sannadh do gach cuid den teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh.	7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 maidir le bearta breise lena rialaítear faireachas, lena n-áirítear forbairt caighdeán maidir le faireachas ar theorainneacha, go háirithe úsáid teicneolaíochtaí faireachais agus faireacháin ag na teorainneacha seachtracha, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, agus cineál na dteorainneacha, na leibhéil tionchair a sannadh do gach cuid den teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh.

Or. en

Réasúnú

Déanfar úsáid an intleacht shaorga (IS) i dteicneolaíochtaí faireachais agus faireacháin a bhunú san Acht um Intleacht Shaorga. Tá sé tábhachtach a chur in iúl go láidir nach mór aon chaighdeáin a mholann an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a bheith faoi chuimsiú na hionstraime sin, a mhéid a bhaineann siad le IS.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach
Rialachán (AE) 2016/399
Caibidil V – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Athainmnítear Caibidil V mar seo a leanas: “Bearta sonracha a bhaineann leis na teorainneacha seachtracha”	(4) Athainmnítear Caibidil V mar seo a leanas: “Bearta sonracha a bhaineann le rialú ag teorainneacha seachtracha”

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 21a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cásanna ina sainaithníonn an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú nó an Coimisiún go bhfuil galar tógálach ann i dtríú tír amháin nó níos mó a mbaineann riosca eipidéime leis mar atá sainithe in ionstraimí ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte.	1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cásanna ina sainaithníonn an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú go bhfuil galar tógálach ann i dtríú tír amháin nó níos mó a mbaineann riosca eipidéime leis mar atá sainithe in ionstraimí ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

Or. en

Réasúnú

Chun mearbhall nó polaitiú a sheachaint, ba cheart sainaithint na ngalar tógálach sin a fhágáil faoin nGníomhaireacht inniúil.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – mír 1
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 21a – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, rialachán cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforálfar do shrianta	Féadfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa,

sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit.	rialachán cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforálfar do shrianta sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit.

Or. en

Réasúnú

Cé gur inniúlacht de chuid na mBallstát go príomha é rialú ag teorainneacha seachtracha, is inniúlacht é a roinntear le Frontex faoi Rialachán EBGC. Sa chomhthéacs sin, i gcás ina bhfuil srianta le tabhairt isteach ar leibhéal an Aontais ag teorainneacha seachtracha, ní mór ról a bheith ag na comhreachtóirí sa ghníomh dlí ábhartha.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ii) tá siad bunaithe ar fhaisnéis ghinearálta agus ar thaithí ghinearálta na n-údarás inniúil maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí agus tá sé d'aidhm acu, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:	ii) tá siad bunaithe ar fhaisnéis ghinearálta phóilíneachta agus ar thaithí na n-údarás inniúil maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí nó don bheartas poiblí agus tá sé d'aidhm acu, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a – pointe ii – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— cónaí neamhrialta nó fanacht neamhrialta a chomhrac, a bhaineann le himirce neamhrialta; nó	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

I gcomhréir le hAithris 26 de Chód Teorainneacha Schengen atá ann faoi láthair, níor cheart imirce a mheas, per se, mar bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Tá úsáid beart rialaithe teorann chun imirce laistigh de limistéar Schengen a chosc contrártha do na ceanglais ar chomhreachtóirí a leagtar síos in Airteagal 77(2)(e) CFAE.

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 23 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) seiceálacha chun críocha slándála ar shonraí paisinéirí i mbunachair sonraí ábhartha maidir le daoine atá ag taisteal sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, seiceálacha gur féidir leis na húdaráis inniúla a dhéanamh faoin dlí is infheidhme.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Níl an fhoráil seo iomchuí i bhfianaise rialú an CBAE i gCás C-817/19

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 23a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Cuirtear an tAirteagal 23a seo a leanas isteach:	***scriosta***
Airteagal 23a	
An nós imeachta chun daoine a ghabhtar	

ag na teorainneacha inmheánacha a aistriú

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le náisiúnach tríú tír, atá cóngarach do theorainneacha inmheánacha a ghabháil, in imthosca ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

a) (c) níl na coinníollacha maidir le dul isteach a leagtar síos in Airteagal 6(1) á gcomhlíonadh nó á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann;

b) ní chumhdaítear an náisiúnach tríú tír leis an maolú a leagtar síos in Airteagal 6(5) pointe (a);

c) déantar an náisiúnach tríú tír a ghabháil mar chuid den chomhar oibríochtúil póilíneachta trasteorann, go háirithe le linn patróil chomhpháirteacha póilíneachta;

d) tá tásca soiléire ann gur tháinig an náisiúnach tríú tír go díreach ó Bhallstát eile, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil láithreach do na húdaráis ghabhála, lena n-áirítear ráitis ón duine lena mbaineann, doiciméid aitheantais, taistil nó doiciméid eile a fuarthas ar an duine sin nó torthaí na gcuardach a rinneadh i mbunachair sonraí ábhartha náisiúnta agus Aontais.

2. Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit, ar bhonn cinneadh nach bhfuil aon cheart ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann fanacht ar a chríoch, cinneadh a dhéanamh an duine a aistriú láithreach chuig an mBallstát óna ndeachaigh an duine isteach nó ar fhéach sé nó sí le hiontráil, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.

3. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, beidh sé de cheangal ar an mBallstát glactha gach beart is gá a dhéanamh chun an náisiúnach tríú tír lena mbaineann a fháil i gcomhréir leis

na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.

4. Ón [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin] agus go bliantúil ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin na sonraí arna dtaifeadadh i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn XII, maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3.

Or. en

Réasúnú

Ní hé ról Chód Teorainneacha Schengen nós imeachta inmheánach um fhilleadh a thabhairt isteach i Limistéar Schengen. Is léir go bhfuil sé sin contrártha le spiorad Limistéar Schengen gan rialú ag teorainneacha inmheánacha agus is léiriú é ar an ngá atá le dul chun cinn a dhéanamh maidir le réimsí beartais eile a athchóiriú.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe;	(a) bagairt dhíreach láithreach ó ghníomhartha sceimhlitheoireachta nó ó ghníomhartha coireachta eagraithe tromchúisí;

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur rogha dheiridh é rialú ag teorainneacha inmheánacha. Tá an fhoráil mar atá beartaithe i bhfad róleathan sa chomhthéacs sin.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8

Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) staid arb é a príomhthréith gluaiseachtaí neamhúdaraithe mórscála náisiúnach tríú tír idir na Ballstáit, lena gcuirtear feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol;	***scriosta***

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 25 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina bhfuil an bhagairt chéanna fós ann, féadfar síneadh a chur le rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha i gcomhréir le hAirteagail 25a, 28 nó 29.	***scriosta***
Measfar an bhagairt chéanna a bheith ann i gcás ina bhfuil an t-údar a thug an Ballstát maidir le síneadh a chur le rialuithe teorann bunaithe ar chinneadh a dhéanamh go bhfuil an bhagairt chéanna ann a raibh bonn cirt leis na rialuithe teorann a athbhunú ar dtús.	

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 25a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Agus rialú teorann á athbhunú faoi mhír 1, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú rialuithe teorann, i gcomhréir le hAirteagal 27(1).	2. Agus rialú teorann á athbhunú faoi mhír 1, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú rialuithe teorann, i gcomhréir le hAirteagal 27(1).

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 25a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Chun críocha mhír 4, agus gan dochar d'Airteagal 27a(4), féadfar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar feadh tréimhse suas le sé mhí. I gcás ina mbeidh bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú ar feadh tréimhsí in-athnuaite suas le sé mhí.	5. Chun críocha mhír 4, agus gan dochar d'Airteagal 27a(4), féadfar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí. I gcás ina mbeidh bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach tar éis na tréimhse sin, féadfaidh an Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú ar feadh tréimhsí in-athnuaite suas le trí mhí.
Cuirfear aon síneadh in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 27 agus laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 4. Faoi réir Airteagal 27ú(5), ní rachaidh uasfhad an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha thar dhá bhliain.	Cuirfear aon síneadh in iúl don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 27 agus laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 4. Ní rachaidh uasfhad an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha thar aon bhliain amháin.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é gur cheart rialú ag teorainneacha inmheánacha a fhágáil mar eisceacht seachas mar riail, meastar go bhfuil tréimhse sé mhí de rialú ag teorainneacha inmheánacha gan

measúnú breise rófhada. Ní féidir le rialú ag teorainneacha inmheánacha a bheith ina staid de facto i limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha. Ba cheart go mbeadh an Ballstát in ann, laistigh de thréimhse bliana, an bhagairt shainaitheanta a réiteach nó bearta eile a chur chun feidhme chun an bhagairt a bhainistiú i gceart.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 25a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ní áireofar tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 sa tréimhse dá dtagraítear i mír 5.	***scriosta***

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 26 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an tionchar is dócha a bheidh ag beart den sórt sin ar an méid seo a leanas:	(b) an dócha go ndéanfaidh bearta seachas athbhunú sealadach rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha an bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a leigheas go leordhóthanach;
– gluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha agus	
- feidhmiú na réigiún trasteorann, agus na naisc láidre shóisialta agus eacnamaíocha eatarthu á gcur san áireamh.	

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach ceanglais shoiléire agus mhionsonraithe a leagan amach do na Ballstáit agus measúnú á dhéanamh acu an bhfuil rialú ag teorainneacha inmheánacha riachtanach agus comhréireach. Mura leigheasfaidh an teorainn inmheánach an bhagairt a sainaithníodh, níor cheart don Bhallstát rialú ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 26 –mír 1 – pointe b a nua

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) comhréireacht athbhunú sealadach rialaithe teorann i ndáil leis an mbagairt ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach tríd an méid seo a leanas a chur san áireamh:
	– gluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha
	agus
	- feidhmiú na réigiún trasteorann, agus na naisc láidre shóisialta agus eacnamaíocha eatarthu á gcur san áireamh;

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 26 – mír 1 – pointe b b nua

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(bb) an dócha go ndéanfaidh athbhunú rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha an bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a

leigheas go leordhóthanach.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 26 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina gcinneann Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú de bhun Airteagal 25a(5), déanfaidh sé measúnú mionsonraithe freisin chun féachaint an bhféadfaí na cuspóirí arna saothrú leis an síneadh sin a bhaint amach ar na bealaí seo a leanas:	2. I gcás ina gcinneann Ballstát an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú de bhun Airteagal 25a(5), déanfaidh sé measúnú riosca inar cheart athmheasúnú a dhéanamh ar na critéir a leagadh síos i mír 1 agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh chun féachaint an bhféadfaí na cuspóirí arna saothrú leis an síneadh sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 26 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b) úsáid an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23a;	***scriosta***

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina bhfuil rialuithe teorann i bhfeidhm ar feadh sé mhí i gcomhréir le hAirteagal 25a(4), áireofar measúnú riosca in aon fhógra ina dhiaidh sin maidir le síneadh a chur le rialuithe den sórt sin. Cuirfear i láthair sa mheasúnú riosca scála agus forbairt réamh-mheasta na bagartha tromchúisí sainaitheanta, go háirithe an fad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, mar aon le faisnéis maidir le bearta comhordaithe leis na Ballstáit eile a mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.	2. I gcás ina bhfuil rialuithe teorann i bhfeidhm ar feadh sé mhí i gcomhréir le hAirteagal 25a(4), áireofar measúnú riosca in aon fhógra ina dhiaidh sin maidir le síneadh a chur le rialuithe den sórt sin. Cuirfear i láthair sa mheasúnú riosca scála agus forbairt réamh-mheasta na bagartha tromchúisí sainaitheanta, go háirithe an fad a mheastar a mhairfidh an bhagairt thromchúiseach shainaitheanta agus cé na codanna de na teorainneacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, mar aon le faisnéis maidir le bearta comhordaithe leis na Ballstáit eile a mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu nó ar dócha go mbeidh tionchar ag na bearta sin orthu.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 27 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina dtagraíonn athbhunú rialuithe teorann nó síneadh na rialuithe sin do ghluaiseachtaí neamhúdaraithe ar mhórscála dá dtagraítear in Airteagal 25(1) pointe (b), cuirfear faisnéis ar fáil sa mheasúnú riosca freisin maidir le scála agus treochtaí na ngluaiseachtaí neamhúdaraithe sin, lena n-áirítear aon fhaisnéis a fuarthas ó ghníomhaireachtaí	***scriosta***

ábhartha an Aontais i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus le hanailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 27 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, aon fhaisnéis bhreise ar fáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na bearta comhordaithe leis na Ballstáit a ndéanann an síneadh atá beartaithe ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh mar aon leis an bhfaisnéis bhreise is gá chun measúnú a dhéanamh ar úsáid fhéideartha na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 23 ***agus 23a***.	4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, aon fhaisnéis bhreise ar fáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na bearta comhordaithe leis na Ballstáit a ndéanann an síneadh atá beartaithe ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh mar aon leis an bhfaisnéis bhreise is gá chun measúnú a dhéanamh ar úsáid fhéideartha na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 23.

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 27a – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bainfidh an comhairliúchán go háirithe leis an mbagairt a sainaithníodh ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, le hábharthacht rialuithe teorann a athbhunú atá beartaithe ag cur san áireamh oiriúnacht na mbeart malartach, chomh maith leis na bealaí chun cur chun feidhme an chomhair	Bainfidh an comhairliúchán go háirithe leis an mbagairt a sainaithníodh ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, le comhréireacht agus le riachtanas na rialuithe teorann a athbhunú, lena n-áirítear trí oiriúnacht beart malartach a chur san áireamh, chomh maith leis na bealaí chun

fhrithpháirtigh idir na Ballstáit a áirithiú i ndáil leis na rialuithe teorann a athbhunaíodh.	cur chun feidhme an chomhair fhrithpháirtigh idir na Ballstáit a áirithiú i ndáil leis na rialuithe teorann a athbhunaíodh.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a bheith mar threoir do chinntí maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha seachas tástáil ar ábharthacht.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 27a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tar éis dó fógraí a fháil arna dtíolacadh maidir le síneadh a chur le rialú teorann ag an teorainn inmheánach faoi Airteagal 25a(4) as a dtiocfaidh leanúint de rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh ocht mí dhéag san iomlán, eiseoidh an Coimisiún tuairim maidir le riachtanas agus comhréireacht rialuithe teorann den sórt sin ag teorainneacha inmheánacha.	3. Tar éis dó fógraí a fháil arna dtíolacadh maidir le síneadh a chur le rialú teorann ag an teorainn inmheánach faoi Airteagal 25ú(4) as a dtiocfaidh leanúint de rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh sé mhí san iomlán, eiseoidh an Coimisiún tuairim maidir le riachtanas agus comhréireacht rialuithe teorann den sórt sin ag teorainneacha inmheánacha.

Or. en

Réasúnú

I gcomhthéacs ina bhfuil rialú ag teorainneacha inmheánacha fós mar eisceacht, níl sé indéanta fanacht ar feadh 18 mí sula bhfaightear tuairim ón gCoimisiún. I gcomhréir le leasuithe a rinneadh roimhe seo, ba cheart an tuairim sin a thíolacadh go huathoibríoch nuair a chuirtear síneadh níos faide ná sé mhí leis an rialú ag teorainneacha inmheánacha.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12

Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 27a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina measann Ballstát go bhfuil cásanna eisceachtúla ann a thugann údar maith leis an ngá leanúnach atá le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha os cionn na huastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 25(5), tabharfaidh sé fógra don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27(2). Tabharfaidh an fógra nua ón mBallstát bunús leis an mbagairt leanúnach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, agus an tuairim ón gCoimisiún arna tabhairt de bhun mhír 3 á cur san áireamh. Eiseoidh an Coimisiún tuairim leantach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 28 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina suífidh an Coimisiún go ndéanann, an bhagairt thromchúiseach chéanna ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí, difear d'fhormhór na mBallstát, rud a chuireann feidhmiú foriomlán an limistéir gan teorainn inmheánach i mbaol, féadfaidh sé, togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údarófar do Bhallstáit rialuithe teorann a athbhunú i gcás nach leor na bearta atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 23 agus 23a chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin.	1. I gcás ina suífidh an Coimisiún go ndéanann, bagairt thar a bheith tromchúiseach ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí difear d'fhormhór na mBallstát ag an am céanna, ar bhealach a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan teorainn inmheánach i mbaol láithreach, féadfaidh sé, tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údarófar do na Ballstáit rialuithe teorann a athbhunú i gcás nach leor na bearta atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 23 chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin.

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cumhdófar leis an gcinneadh tréimhse suas le sé mhí agus féadfar é a athnuachan, ar thogra ón gCoimisiún, ar feadh tréimhsí breise suas le sé mhí fad a mhairfidh an bhagairt, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 5 á chur san áireamh.	2. Cumhdófar leis an gcinneadh tréimhse suas le sé mhí agus ní fhéadfar é a athnuachan níos mó ná trí huaire, ar thogra ón gCoimisiún, ar feadh tréimhsí breise suas le sé mhí, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 5 á chur san áireamh. ***Ní rachaidh uastréimhsé na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ar bhonn na bagartha fíor-thromchúisí arna sainaithint, thar dhá bhliain.***

Or. en

Réasúnú

Ós rud é go bhfuil an bhagairt an-tromchúiseach agus go bhfuil sí ann ar leibhéal an Aontais, is féidir tréimhse níos faide a ghlacadh chun an fhadhb a réiteach. Mar sin féin, ní mór deireadh a chur leis an sásra tar éis dhá bhliain, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 29 i ndáil leis an nós imeachta sonrach i gcás ina gcuireann imthosca eisceachtúla feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha i mbaol.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit rialuithe teorann a athbhunú nó síneadh a chur leo de bharr na bagartha dá dtagraítear i mír 1, beidh na rialuithe sin, ón tráth a thiocfaidh an cinneadh ón	***scriosta***

gComhairle i bhfeidhm, bunaithe ar an gcinneadh sin.

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 28 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fhorás na bagartha arna sainaithint chomh maith le tionchar na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1, d'fhonn a mheas an bhfuil bonn cirt fós leis na bearta.	5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fhorás na bagartha arna shainaithint chomh maith le tionchar na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1, d'fhonn a mheas an bhfuil bonn cirt fós leis na bearta agus d'fhonn a mholadh go gcuirfear deireadh leis an rialú ag teorainneacha inmheánacha a luaithe is féidir.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart an Coimisiún a spreagadh chun oibriú i dtreo limistéar an rialaithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú a luaithe is féidir.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 28 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile sa Chomhairle maidir le hathbhunú rialuithe teorann i gcomhréir	6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit eile sa Chomhairle maidir le rialuithe teorann a

leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1.	athbhunú i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 28 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Féadfaidh an Coimisiún moladh a eisiúint ina léireofar bearta eile dá dtagraítear in Airteagal 23 agus in Airteagal 23a a d'fhéadfadh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a chomhlánú nó a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt a sainaithníodh ar an tslándáil inmheánach nó ar an mbeartas poiblí dá dtagraítear i mír 1.	7. Féadfaidh an Coimisiún moladh a eisiúint ina léireofar bearta eile dá dtagraítear in Airteagal 23 a d'fhéadfadh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a chomhlánú nó a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol a sainaithníodh don tslándáil inmheánach nó don bheartas poiblí dá dtagraítear i mír 1.

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 31 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina dtugann Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le rialuithe teorann a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 27(1), cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas ag an am céanna maidir leis an méid seo a leanas:	2. I gcás ina dtugann Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le rialuithe teorann a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 27(1), tabharfaidh sé an fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna faoin méid seo a leanas:

Or. en

Réasúnú

Níl gá le maorlathas breise maidir le fógraí faoi rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Ba cheart do na Ballstáit an fógra céanna — agus an leibhéal céanna mionsonraí ann — a chur chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle, gan dochar dá gceart cuid den fhaisnéis a rúnaicmiú san fhógra.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 31 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) sonraí na dteorainneacha inmheánacha ina bhfuil rialú teorann le hathbhunú;	***scriosta***

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 31 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c) ainmneacha na bpointí trasnaithe atá údaraithe;	***scriosta***

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 31 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d) dáta agus ré an athbhunaithe atá beartaithe;	***scriosta***

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 31 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le glacadh ag an mBallstát eile.	***scriosta***

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 31 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní cheanglófar ar na Ballstáit an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar i gcásanna a bhfuil údar maith leo ar fhorais slándála poiblí.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Ba cheart an ceart atá ag na Ballstáit an fhaisnéis a rúnaicmiú a choinneáil. Tá ceart breise gan an fhaisnéis a chur ar fáil fritorthúil agus tá sé contrártha le spiorad an chomhair fhrithpháirtigh agus dhílis.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 33 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan dochar don chéad mhír 1, i gcás ina gcuirtear fadú le rialuithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 25a(5), déanfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil a thíolacadh ar dhul in éag dhá mhí dhéag agus gach dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin má choinnítear rialú teorann ar bun go heisceachtúil.	2. Gan dochar don chéad mhír 1, i gcás ina gcuirfear fadú le rialuithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 25a(5), déanfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil a thíolacadh ar dhul in éag sé mhí má choinnítear rialú teorann ar bun go heisceachtúil.

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 33 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Leagfar amach sa tuarascáil, go háirithe, an measúnú tosaigh agus an measúnú leantach ar an ngá atá le rialuithe teorann agus urramú na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 26, feidhmiú na seiceálacha, an comhar praiticiúil le Ballstáit chomharsanachta, an tionchar a bheidh dá bharr sin ar ghluaiseacht daoine go háirithe sna réigiúin trasteorann, éifeachtacht athbhunú an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear measúnú ex-post ar chomhréireacht rialú teorann a athbhunú.	3. Leagfar amach sa tuarascáil, go háirithe, an measúnú tosaigh agus an measúnú leantach ar an ngá atá le rialuithe teorann agus urramú na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 26, feidhmiú na seiceálacha, an comhar praiticiúil le Ballstáit chomharsanachta, an tionchar a bheidh dá bharr sin ar ghluaiseacht daoine go háirithe sna réigiúin trasteorann, éifeachtacht athbhunú an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear measúnú ex-post ar an riachtanas rialú teorann a athbhunú agus ar chomhréireacht an rialaithe sin.

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Rialachán (AE) 2016/399
Airteagal 33 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, uair sa bhliain ar a laghad, maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha dar teideal (‘tuarascáil ar Staid Schengen’). Áireofar sa tuarascáil liosta de na cinntí go léir a rinneadh chun rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú le linn na bliana ábhartha. Áireofar ann freisin faisnéis faoi na treochtaí laistigh de limistéar Schengen maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír, agus an fhaisnéis atá ar fáil ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais á cur san áireamh, anailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha agus measúnú ar an riachtanas agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le rialuithe teorann a athbhunú sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil sin.	6. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, uair sa bhliain ar a laghad, maidir le feidhmiú an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha dar teideal (‘tuarascáil ar Staid Schengen’). Áireofar sa tuarascáil liosta de na cinntí go léir a rinneadh chun rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú le linn na bliana ábhartha. Tabharfar aird ar leith sa tuarascáil ar na rialuithe teorann a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí, agus áireofar inti measúnú ar an riachtanas agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le rialuithe teorann a athbhunú sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil sin. ***Cumhdófar sa tuarascáil freisin na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as Airteagal 20 de Shásra Meastóireachta Schengen.***

Or. en

Réasúnú

Ba cheart don Tuarascáil ar Staid Schengen díriú ar Limistéar Schengen gan rialú ag teorainneacha inmheánacha agus ar dheireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a tugadh isteach.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2016/399
Iarscríbhinn XII

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Cuirtear isteach Iarscríbhinn XII nua:	***scriosta***
IARSCRÍBHINN XII	
CUID A	
An nós imeachta chun daoine a ghabhtar ag na teorainneacha inmheánacha a aistriú	
1. Luafar sna cinntí na forais lena chinneadh nach bhfuil aon cheart fanachta ag duine. Beidh feidhm acu láithreach.	
2. Eiseofar an cinneadh trí bhíthin foirm chaighdeánach, mar atá leagtha amach i gCuid B, arna comhlánú ag an údarás inniúil náisiúnta.	
Tabharfar an fhoirm chaighdeánach chomhlánaithe don náisiúnach tríú tír lena mbaineann, admhóidh siad go bhfuair siad an cinneadh tríd an bhfoirm a shíniú agus tabharfar cóip den fhoirm shínithe dóibh.	
I gcás ina ndiúltaíonn an náisiúnach tríú tír an fhoirm chaighdeánach a shíniú, cuirfidh an t-údarás inniúil an diúltú sin in iúl san fhoirm faoin roinn dar teideal 'barúlacha'.	
3. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta a eisíonn cinneadh diúltaithe na sonraí seo a leanas a thaifeadadh:	
a) céannacht agus náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, a mhéid gur féidir leis na húdaráis iad sin a shuíomh,	
b) tagairtí an doiciméid céannachta, más ann dóibh,	
c) i gcás ina mbeidh siad ar fáil, cóipeanna d'aon doiciméad nó sonraí a bhaineann le céannacht nó le náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, in éineacht leis na bunachair sonraí náisiúnta ábhartha agus	

bunachair sonraí ábhartha an Aontais.

d) na forais leis an diúltú,

e) dáta an diúltaithe,

f) na Ballstáit ar seoladh an náisiúnach tríú tír ar ais chucu.

4. Baileoidh na húdaráis náisiúnta a eisíonn cinneadh diúltaithe na sonraí seo a leanas:

a) líon na ndaoine ar diúltaíodh cead isteach dóibh;

b) líon na ndaoine ar diúltaíodh fanacht dóibh;

c) líon na ndaoine a seoladh ar ais;

d) an Ballstát nó na Ballstáit ar seoladh daoine ar ais chucu;

e) i gcás ina mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil, náisiúntacht na náisiúnach tríú tír a gabhadh;

f) na forais le teacht isteach agus fanacht a dhiúltú;

g) an cineál teorann mar a shonraítear in Airteagal 2, pointe 1 de Rialachán (AE) 2016/399 ar cuireadh na náisiúnaigh tríú tír ar ais chuici.

5. Beidh sé de cheart ag daoine a ndiúltófar cead isteach nó fanachta dóibh, achomharc a dhéanamh. Déanfar na hachomhairc i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tabharfar léiriú i scríbhinn don náisiúnach tríú tír, i dteanga a thuigeann siad nó a cheaptar le réasún go dtuigfidh siad, faoi na pointí teagmhála atá ábalta faisnéis a sholáthar maidir le hionadaithe atá inniúil chun ghníomhú ar son náisiúnach tríú tír i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Má dhéantar achomharc, ní bheidh éifeacht fionraíochta aige sin.

6. Áiritheoidh na húdaráis a chumhachtaítear faoin dlí náisiúnta go n-aistreofar an náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh diúltaithe chuig údaráis inniúla an Bhallstáit chomharsanachta

láithreach agus laistigh de 24 uair an chloig ar a dhéanaí. Comhoibreoidh na húdaráis a chumhachtaítear faoin dlí náisiúnta sa Bhallstát comharsanachta le húdaráis an Bhallstáit chuige sin.

7. Má thugann iompróir náisiúnach tríú tír a bhí faoi réir cinneadh dá dtagraítear i mír 1 chuig an teorainn, féadfaidh an t-údarás atá freagrach go háitiúil:

(a) ordú a thabhairt don iompróir dul i bhfeighil an náisiúnaigh tríú tír agus é nó í a iompar gan mhoill chuig an mBallstát ónar tugadh é nó í;

(b) ar feitheamh iompar ar aghaidh, bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus ag féachaint d'imthosca áitiúla, chun cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír ar diúltaíodh cead isteach dóibh dul isteach go neamhdhleathach.

CUID B

Foirm chaighdeánach chun daoine a ghabhtar ag na teorainneacha inmheánacha a aistriú [...]

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2
Treoir 2008/115/CE
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 2	***scriosta***
Leasú ar Threoir 2008/115/CE	
1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(3) de Threoir 2008/115/CE:	
"3. Féadfaidh na Ballstáit staonadh ó	

chinneadh um fhilleadh a eisiúint chuig náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch má ghlacann Ballstát eile an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar ais i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23a de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* nó faoi chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha.

An Ballstát a bhfuil an náisiúnach tríú tír lena mbaineann glactha ar ais aige i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, eiseoidh sé cinneadh um fhilleadh i gcomhréir le mír 1. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag an maolú atá leagtha síos sa chéad fhomhír.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha atá ann cheana, bíodh siad leasaithe nó nua."

**** Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 077, 23.3.2016, lch. 1).***

Or. en

Réasúnú

Bhí na forálacha neamhghníomhaíochta sa Treoir um Fhilleadh ceaptha chun a áirithiú go mbogfadh an tAontas i dtreo cur chuige níos comhchuibhithe. Níl an Rapóirtéir ag iarraidh bogadh siar ina leith sin, trí níos mó comhaontuithe déthaobhacha a spreagadh laistigh de Limistéar Schengen nach ndéanfadh ach rialacha AE a sheachaint.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 3	***scriosta***
Leasú ar Threoir 2008/115/CE a thrasuí	
1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 2 a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.	
Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [6 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm].	
Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu d'Airteagal 2 den Rialachán seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.	

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá limistéar Schengen ar cheann de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas, éacht inláimhsithe ar a bhfuil fíormheas ag croílár thionscadal an AE, rud a cheadaíonn taisteal gan srian do níos mó ná 400 milliún duine agus rud atá uathúil ar fud an domhain, atá i bhfeidhm le breis agus 25 bliain.

Ar an drochuair, tá an limistéar saorghluaiseachta sin, gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, i mbaol le roinnt blianta anuas. Is iomaí cúis a thugtar leis an úsáid mhéadaitheach agus níos buaine a bhaintear as rialuithe ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen a dhéanann difear go príomha do dhaoine: bagairt na sceimhlitheoireachta, an baol don tsláinte phoiblí a bhaineann le paindéimí, fiú gluaiseacht daoine thar theorainneacha féin. Is é an snáithe a nascann na cúiseanna sin ná go raibh siad ina leithscéal do na Ballstáit iompú isteach.

Tá leagan leasaithe de Chód Teorainneacha Schengen molta ag an gCoimisiún Eorpach, arb é is aidhm dó limistéar Schengen a neartú, agus filleadh ar limistéar lán-fheidhmiúil gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha Ar an drochuair, is é an cur chuige a roghnaigh an Coimisiún glacadh go díreach leis na cúiseanna sin a tugadh chun rialuithe teorann a mhéadú agus saoirse gluaiseachta a theorannú. Ní cosúil go bhfuil sé ag teacht le haidhm Chonarthaí an Aontais limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais, má chruthaítear forais nua chun bonn cirt a thabhairt do thabhairt isteach rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, nó tuilleadh seiceálacha a cheadú a bheidh cosúil le rialú teorann, agus a bhraitheann cosúil leis. Chinn an Rapóirtéir díriú ar dhlí príomha AE agus leasuithe ar an togra seo á moladh aici, ag féachaint le prionsabail limistéar Schengen a chosaint mar a leagtar amach iad sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe in Airteagal 3 CAE, in Airteagal 67(2) CFAE, agus in Airteagal 77(2)(e) CFAE.

Maidir leis na forálacha a bhaineann le hionstraimiú, is fearr leis an Rapóirtéir iad a bhaint ón téacs ós rud é, ar thaobh amháin, go bhfónann siad do sprioc gheopholaitiúil a bhfuil ábharthacht theoranta aici do na rialacha lena rialaítear dea-fheidhmiú limistéar Schengen, agus, ar an taobh eile, go bhfuil togra sonrach ar leith déanta ag an gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir leis an ábhar sin, ar cheart dó aghaidh a thabhairt ar na gnéithe uile a bhaineann leis an gcoincheap sin.

Ina theannta sin, agus sa chomhthéacs céanna, measann an Rapóirtéir — mar a leagtar amach in aithrisí Chód Teorainneacha Schengen atá ann faoi láthair — nach ionann an imirce, per se, agus "bagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach". Dá réir sin, ní aontaíonn sí leis an gcoincheap gluaiseachtaí neamhúdaraithe ar mhórscála náisiúnach tríú tír a thabhairt isteach mar choincheap Schengen, mar a mhol an Coimisiún. Mhol sí an coincheap sin a scriosadh.

Maidir leis an nós imeachta nua i dtaca le filleadh inmheánach Schengen (Airteagal 23a), agus maidir leis na leasuithe ar an Treoir um Fhilleadh, is fearr leis an Rapóirtéir a mholadh freisin nach mbaineann siad le Cód Teorainneacha Schengen, bunaithe ar an bprionsabal nach bhfuil siad comhsheasmhach le bunús dlí lena gceanglaítear nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha. Ní féidir é a bheith mar ról ag Cód Teorainneacha Schengen fadhbanna a réiteach a tháinig chun cinn san athchóiriú, nach ndearnadh aon dul chun cinn leis, maidir le beartas tearmainn agus imirce an AE. Is léir go bhfuil na forálacha sin contrártha le spiorad Limistéar Schengen gan rialú ag

teorainneacha inmheánacha. Thairis sin, bhí na forálacha neamhghníomhaíochta sa Treoir um Fhilleadh ceaptha chun a áirithiú go mbogfadh an tAontas i dtreo cur chuige níos comhchuibhithe. Níl an Rapóirtéir ag iarraidh bogadh siar ina leith sin, trí níos mó comhaontuithe déthaobhacha a spreagadh laistigh de Limistéar Schengen nach ndéanfadh ach rialacha AE a sheachaint.

Ar bhealach níos dearfaí, maidir leis na moltaí ón gCoimisiún i dtaca le cásanna paindéime agus éigeandálaí sláinte poiblí a láimhseáil, tacaíonn an Rapóirtéir go ginearálta le cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh, ach i bhfianaise thábhacht na gcinntí a dhéanfar — ar leibhéal AE — sa réimse seo, tá sé tábhachtach go mbeadh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach sa phróiseas sin.

Ina theannta sin, maidir le ceann de phríomhghnéithe an athbhreithnithe sin, a bhaineann leis na teorainneacha ama chun rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, bhí an Rapóirtéir á threorú ag rialú Mhór-Dhlísheomra Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCásanna Uamtha ***NW v Landespolizeidirektion Steiermark (C-368/20), Bezirkshauptmannschaft Leibnitz (C-369/20.***

Tá teorainneacha ama dochta sa dréacht-tuarascáil maidir le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú do na Ballstáit, agus forálacha soiléire a léiríonn cá fhad is féidir iad a choinneáil. Ag féachaint di go bhfuil togra an Choimisiúin ró-neamhiata i ndáil leis sin, tá teorainneacha ama molta ag an Rapóirtéir mar seo a leanas:

(i) 1 mhí, a fhéadfar a athnuachan suas le 3 mhí i gcás bagairtí neamh-intuartha;

(ii) 3 mhí, a fhéadfar a athnuachan ar feadh tréimhsí 3 mhí go dtí uastréimhse aon bhliain amháin i gcás bagairtí intuartha; agus

(iii) i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú ag teorainneacha inmheánacha a athnuachan tar éis 3 mhí, ceanglaítear air measúnú riosca a chur ar fáil;

(iv) i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú na dteorainneacha inmheánacha a athnuachan ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí, bheadh oibleagáid ar an gCoimisiún ansin a thuairim a thabhairt maidir le riachtanas agus comhréireacht an rialaithe teorann inmheánaigh sin.

Ina thogra, chinn an Coimisiún forálacha nua a thabhairt isteach lena rialófaí bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a chuirfeadh feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i mbaol, lena gceadófaí Cinneadh ón gComhairle lena gcumhdófaí rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i roinnt Ballstát nó níos mó ag an am céanna. Is féidir leis an Rapóirtéir glacadh le sásra den sórt sin, ach creideann sí gur cheart é a rialú go docht. Ba cheart go bhféadfaí rialuithe teorann a athbhunú ar leibhéal an Aontais ar feadh tréimhsí 6 mhí, tréimhsí a bheadh inathnuaite suas le 2 bhliain ar a mhéad. Chuige sin, teastaíonn togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle.
Sula nglacfaidh sí a Cinneadh, ba cheart don Chomhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar dtús. Ba cheart an nós imeachta céanna a bheith ann maidir le rialú ag teorainneacha inmheánacha a athnuachan faoin sásra sin.

Mar fhocal scoir, tá sé léirithe le deich mbliana anuas go bhfuil sé i bhfad níos éasca ó thaobh

na polaitíochta de do pholaiteoirí náisiúnta cinneadh a dhéanamh rialuithe teorann a athbhunú, ná mar atá sé dóibh cinneadh a dhéanamh ina dhiaidh sin deireadh a chur leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Níor cheart don reachtóir Eorpach tuilleadh uirlisí a chur ar fáil lenar féidir le polaiteoirí náisiúnta údar a thabhairt le haghaidh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Ní mór dúinn filleadh ar Schengen, gan filleadh ar an tréimhse a bhí ann roimh Schengen.